# CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Stéphane SÉJOURNÉ

## An Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch

**1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí pearsanta agus de do thaithí atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a dhéanfaidh tú príomhshruthú inscne a chur chun feidhme agus gné na hinscne a chomhtháthú i ngach réimse de do shainchúraimí? Conas a dhéanfaidh tú príomhshruthú na hóige a chur chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint den tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Is de ghlúin mé ina ndéantar talamh slán den Eoraip agus ina ndéantar troid laethúil ina leith araon.

Is amhlaidh a dhéantar talamh slán di mar gur chuir mé tús le mo shaol polaitiúil i mbun canbhasáil ar son fheachtas reifrinn 2004 na Fraince le haghaidh Bhunreacht an Aontais Eorpaigh. Ba iad na Toghcháin Eorpacha in 2019 na chéad toghcháin inar sheas mé mar iarrthóir. Mar Fheisire agus mar cheannaire grúpa i bParlaimint na hEorpa, agus mar an tAire um an Eoraip agus Gnóthaí Eachtracha, chuir mé le cuid de na héachtaí is mó atá bainte amach ag an Aontas le blianta beaga anuas, mar atá: an Comhaontú Glas, ár gceannach comhpháirteach vacsaíní, plean téarnaimh ‘Next Generation EU’, rialáil na margaí digiteacha, agus, go deimhin, an cúnamh don Úcráin.

Is amhlaidh a dhéantar troid laethúil ina leith mar go mbíonn orm aghaidh a thabhairt ar an amhras faoin tionscadal Eorpach, go háirithe tar éis Brexit, an dianiarracht chun bunchlocha an Aontais a chur ar ceal agus chun an bonn a bhaint dár n-aontacht, agus an ngéarchéim muiníne in institiúidí an Aontais seo againn. Dá bhrí sin, is míorúilt laethúil í an Eoraip, ach míorúilt leochaileach freisin atá bunaithe ar fhaomhadh athnuaite ár gcomhshaoránach. Is den dualgas ar gach oifigeach poiblí Eorpach, agus ar gach Coimisinéir go deimhin, an méid sin a chur san áireamh agus aon chinneadh á dhéanamh. Is éard atá i gceist le freastal ar leas ginearálta na hEorpa beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme lenar féidir saol laethúil na saoránach a fheabhsú agus dul i ngleic leis na dúshláin ollmhóra atá roimh ár mór-roinn, araon.

I bhfianaise na ndeich mbliana deacra atá romhainn, bíonn leas ginearálta na hEorpa dár ngríosú gníomhú go láidir, agus príomhthosaíocht ar leith againn mar thús: straitéis shoiléir i leith tionsclaíocht ghlan agus margadh aonair níos láidre a bheith ann chun laghdú tuartha na hEorpa a sheachaint, chomh maith leis na hiarmhairtí uafásacha sóisialta agus polaitiúla a sheachaint. Is poist cháilithe chuibhiúla ar phá maith atá ag teastáil ónár bpobail agus ónár saoránaigh dhíograiseacha. Is deiseanna chun níos mó a infheistiú, a chruthú agus a tháirgeadh ar bhealach níos fearr atá ag teastáil ónár ngnólachtaí, agus an chothroime iomaíochta chéanna acu lena n-iomaitheoirí seachtracha, agus gan iallach a bheith orthu déileáil le hualach nach bhfuil gá leis. Mianta follasacha dlisteanacha is ea iad sin nach mór don Aontas Eorpach freastal orthu.

Seo tuairim atá agam le fada an lá: ráthaíocht ar rathúnas an duine aonair agus ar naisc láidre phobail is ea an cheannaireacht eacnamaíoch agus thionsclaíoch a fháil ar ais. Tá gá leis sin chomh maith chun dlús a chur lenár n-aistriú i dtreo na haeráidneodrachta. Mar chomhairleoir ag Aire na Fraince um Gheilleagar agus Tionscal, bhí mé ar na húdair a bhí páirteach i gceann de na hathchóirithe eacnamaíocha ba mhó a bhí ann sna saolta deireanacha sa Fhrainc. Mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa agus mar cheannaire grúpa, bhrúigh mé gan stad gan staonadh le haghaidh cur chuige nua dár dtionscal, agus chuaigh mé ní b’fhaide ná an chodarsnacht gan éifeacht idir

dícharbónú agus fás, agus thug mé an dá thosaíocht chun réitigh ina hionad sin. I mo cháil mar rapóirtéir le freagracht as cearta maoine intleachtúla don intleacht shaorga, mhol mé go gcruthófaí samhail Eorpach ar leith bunaithe ar eitic agus nuálaíocht. Mar an tAire um an Eoraip agus Gnóthaí Eachtracha, thug mé tús áite ar an gclár oibre do chomhpháirtíochtaí eacnamaíocha le náisiúin dhaonlathacha san Afraic Thoir nó i Meiriceá Laidineach ar tugadh neamhaird orthu roimhe seo.

Féadfaidh an meon sin dul chun leasa ceann de phríomhthosaíochtaí an Choimisiúin seo chomh maith: an comhionannas inscne a bhaint amach inár ngeilleagar agus, dá réir sin, gné na hinscne a phríomhshruthú sa bheartas tionsclaíoch. Sa Choimisiún nua seo, is é an chéad dualgas a bheadh orm, dá ndeimhneodh sibh m'ainmniúchán, a áirithiú go gcuirfeadh gach cuideachta an Treoir maidir le 'Mná ar Bhoird' chun feidhme. Mar Chomhalta den Choláiste, táim ag tnúth freisin le tacú le hobair an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin Ainmnithe Minzatu, ar Phlean Straitéiseach um Oideachas ETIM. Leis an bPlean sin, ba cheart go meallfaí tuilleadh ban agus cailíní go dtí an t-oideachas ETIM agus gairmeacha ETIM. Is den ríthábhacht toil pholaitiúil a bheith i gcuspóir an chomhionannais inscne, agus óna thaobh sin de, tá cuntas teiste cruthaithe agam maidir le ceapacháin ban in Oifig Gnóthaí Eachtracha na Fraince agus maidir leis an gcéad *cabinet* riamh ar mná iad formhór na n-airí ann i stair thaidhleoireacht na Fraince. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, geallaim go leanfaidh mé den chur chuige sin a chur chun cinn i gcroílár an Choimisiúin. I mo cháil mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin ainmnithe 39 mbliana d'aois, is féidir libh brath orm chun deiseanna a chruthú don ghlúin óg i ngach rud a dhéanfainn chomh maith. Chun seans a thabhairt do na hEorpaigh óga cinntí a mhúnlú san Aontas Eorpach, beidh áthas orm an tIdirphlé Óige bliantúil a eagrú, ag tosú leis an gcéad cheann le linn mo chéad 100 lá san oifig.

D'oibrigh mé gan staonadh ar mhaithe leis an leas ginearálta le mo bheo. I mo cháil mar cheannaire parlaiminteach Eorpach, níor thug mé cúl le mo chuid freagrachtaí riamh. I gcás ról den sórt sin, is den ríthábhacht iad an chomhsheasmhacht agus an neamhspleáchas araon. Sa Pharlaimint ní raibh aon drogall orm riamh dearcadh an-sainiúil a chosaint nach de chuid mo pháirtí féin ná mo thíre féin é, nuair ab eol dom gur ar mhaithe le leas ginearálta na hEorpa a bhí sé. Bhí sé sin amhlaidh go háirithe i ndáil leis an Treoir ón Aontas maidir le foréigean in aghaidh na mban. Féadfar a bheith cinnte freisin gur chloígh mé i gcónaí leis na caighdeáin eiticiúla is airde, go gcloím leo fós, agus go gcloífidh mé leo feasta, agus lánurraim á tabhairt agam do Chonarthaí an Aontais Eorpaigh agus don Chód Iompair.

Is leis an Eoraip a thosaigh mo ghairmréim. Ba é an chéad ghealltanas a bhí agam do na vótálaithe freastal ar an Aontas seo againn. Mar chuid de na dualgais rialtais a bhí orm, chuir mé aontacht na hEorpa chun cinn. Má ghlacann sibh le m'ainmniúchán don Choimisiún Eorpach, ní hamháin go ndéanfaidh mé de réir mo mhionna chun aontacht na hEorpa agus a bunphrionsabail a chosaint, ach beidh mé dílis do mo ghealltanais saoil ó chroí chomh maith.

**2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa**

*An féidir leat gealltanas a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? Cén chaoi, dar leat, a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a dhéanamh maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus maidir le bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, agus ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

Bhí mé i m'Fheisire de Pharlaimint na hEorpa agus níl agam ach meas ar an Teach seo agus ar na Feisirí. Geallaim go gcoinneoidh mé an caidreamh speisialta seo le Parlaimint na hEorpa, croílár dhaonlathas na hEorpa, bunaithe ar iontaoibh fhrithpháirteach.

Is ó bhur vóta a ghlacaimid ár ndlisteanacht féin. Cé gurb iad an Chomhairle agus Uachtarán an Choimisiúin a mholann ár n-ainmneacha, ní féidir linn dul i mbun oifige gan toiliú Pharlaimint na hEorpa. Tá sé sin ríthábhachtach chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh na dearcthaí polaitiúla atá taobh thiar dár mbeartais uaillmhianta thromlach na saoránach mar a cuireadh in iúl sna toghcháin Eorpacha.

Más rud é go ndeimhneoidh sibh mo cheapachán, glacfaidh mé na gealltanais seo a leanas mar mhodh oibre idir mo sheirbhísí, mo chomh-aireacht agus mé féin, agus Parlaimint na hEorpa:

– Geallaim go ndéanfaidh mé obair leantach chuí ar bhur dtuarascálacha agus ar bhur rúin maidir le saincheisteanna a bhaineann le mo shainchúraimí. Amhail Uachtarán an Choimisiúin, tacaím i gcónaí le ról níos láidre a thabhairt don Pharlaimint maidir le reachtaíocht a thionscnamh agus a mhúnlú. Creidim dáiríre gur réamhriachtanas é sin le haghaidh próiseas cinnteoireachta Eorpach atá fónta éifeachtúil iontaofa.

– Geallaim go mbeidh mé i láthair go gníomhach agus go rialta i gcruinnithe coiste, i seisiúin iomlánacha, i gcaibidlíocht thríthaobhach, agus go dtiocfaidh mé chuig bhur ngrúpaí féin freisin má iarrann sibh orm déanamh amhlaidh. Sna cásanna sin go léir, creidim gur gá a oiread ionadaíochta is féidir a dhéanamh don Choimisiún ar an leibhéal polaitiúil.

– Geallaim go ndéanfaidh mé bealach cumarsáide díreach a fhorbairt agus a choinneáil ar bun le comhaltaí na gcoistí ábhartha, ag gach céim den phróiseas cinnteoireachta. Beidh mo chuid seirbhísí agus mo chuid ball foirne ar fáil freisin ar feadh an tsainordaithe, agus sreabhadh eolais dhá threo i bhfeidhm againn.

– Geallaim go dtabharfaidh mé cuireadh do rapóirtéirí, scáth-rapóirtéirí nó príomhchomhaltaí i réimsí sonracha chuig seisiúin oibre chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní dhlisteanacha agus chun smaointe a ghlacadh a thagann go díreach óna gcuid oibre parlaimintí agus óna dtoghcheantar.

– Geallaim go gcomhroinnfidh mé eolas agus doiciméid ábhartha leis an bParlaimint ar chomhchéim leis an gComhairle. Ní hamháin gur ceist urraime don dá chomhreachtóir atá ann, ach is oibleagáid faoinár gcreat-chomhaontú í freisin.

Is leis an gcuntasacht dhaonlathach a bhaineann na gealltanais sin go léir. Táimid faoi chomaoin ag an Teach seo agus ag na saoránaigh dá ndéanann sibh ionadaíocht. Is i dteannta a chéile amháin is féidir linn an Eoraip a chur chun cinn.

I gcomhréir leis na treoirlínte polaitiúla a chuir an tUachtarán i láthair, lenar thacaigh tromlach an Tí seo, táim ag tnúth le comhleanúnachas na sainchúraimí a chuirfidh an tUachtarán de chúram orm agus ábharthacht ár dtosaíochtaí a leagan amach ag an éisteacht. Táim ag tnúth freisin le héisteacht le bhur n-ionchais, le bhur gcuid smaointe agus le bhur gcuid ábhair imní.

Sa litir mhisin a cuireadh chugam, tugtar deis ar leith chun straitéis thionsclaíoch a bheith ann ar deireadh, agus í comhtháite go hiomlán, ón micreacnamaíocht go dtí an mhaicreacnamaíocht, ón margadh inmheánach go dtí an ghné sheachtrach, ó na hearnálacha réamhtheachtacha go dtí na hearnálacha iartheachtacha, ó na hinfheistíochtaí poiblí go dtí na hinfheistíochtaí príobháideacha. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuirfidh mé na hionstraimí iomaíochais sin go léir ar fáil chun fónamh do rathúnas na ndaoine, i gcomhghleacaíocht iomlán leis na Coimisinéirí agus i gcomhar iomlán libhse, ar ndóigh.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, geallaim go dtabharfaidh mé tuairisc rialta don Teach seo maidir le dul chun cinn mo mhisin. Creidim go bhfuil sé an-tábhachtach spriocanna soiléire agus táscairí cuspóra a leagan síos ón tús lena mbeidh sibh in ann torthaí mo chuid oibre agus ár n-iarrachtaí comhchoiteanna a mheas.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta</u>

**Aontas na Margaí Caipitil (CMU).**

*3. Cad iad na príomhchonstaicí atá ann maidir le hAontas na Margaí Caipitil/leis an Margadh Coigiltis agus Infheistíochtaí agus cad iad na tosaíochtaí a leagfá síos chun iad a fhorbairt chun borradh a chur faoi mhaoiniú príobháideach agus poiblí d'fhonn infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail ardfháis agus chun go mbeadh margaí caipitil ag infheistiú sa nuálaíocht? Conas a áiritheoidh tú nach mbainfear an bonn den chobhsaíocht airgeadais ná nach nglacfar rioscaí iomarcacha mar thoradh ar iarrachtaí chun iomaíochas earnáil airgeadais an Aontais a fheabhsú? Cad é do thuairim faoi ról an urrúsaithe sa chlár oibre seo?*

Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún nua a bheith ina Choimisiún infheistíochta, agus d'fhógair an tUachtarán toghaí von der Leyen ina treoirlínte polaitiúla go bhforbrófar 'Aontas Coigiltis agus Infheistíochta', rud a bheidh ríthábhachtach chun na bearnaí infheistíochta a líonadh. Chun borradh a chur faoi mhaoiniú príobháideach agus poiblí lenár ngeilleagar agus ár dtionscal a nuachóiriú, tá gá le margaí airgeadais forbartha dea-fheidhmiúla, iad comhcheangailte agus comhordaithe le bearta coinneála riosca poiblí spriocdhírithe i gcás inar gá.

Ar an gcéad dul síos, is é maoiniú na saoránach nach mór a bheith i gcroílár an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta. Sábhálann saoránaigh go leor airgid, ach is i dtaiscí bainc agus i dtithíocht go príomha a choinníonn siad an t-airgead sin, áit nach gcuireann sé leis an infheistíocht tháirgiúil a oiread agus a d'fhéadfadh sé. Is minic a bhaineann go leor tosca idirghaolmhara dá rannpháirtíocht i margaí caipitil: táillí arda agus costas ard comhairle, iomaíocht íseal i ndáileadh táirgí airgeadais de thoradh ilroinnt na margaí, leibhéil ísle litearthachta airgeadais agus iontaoibhe as idirghabhálaithe airgeadais.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, oibreoidh mé leis an gCoimisinéir um Sheirbhísí Airgeadais agus um an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta agus le Comhaltaí eile an Choláiste le bealaí a aimsiú chun saoránaigh a dhreasú le níos mó dá gcoigilteas a chur ag obair. Ní mór dúinn táirgí nua coigiltis agus infheistíochta a fhorbairt ar an leibhéal Eorpach chun infheistíochtaí a dhíriú ar an bhfíorgheilleagar. Rachadh sé chun tairbhe do ghnólachtaí Eorpacha agus chuirfeadh sé an caipiteal is gá ar fáil dóibh chun dul san iomaíocht, chun nuáil a dhéanamh agus chun glacadh leis an aistriú glas, leis an aistriú digiteach agus leis an aistriú sóisialta. Rachadh sé chun tairbhe do na saoránaigh Eorpacha chomh maith mar go dtabharfaí deis dóibh cur le maoiniú gheilleagar na hEorpa, ar choinníoll go ndéanfaí iad a chosaint go hiomchuí agus go mbeadh brabús cuibhiúil acu ar a n-infheistíocht.

Ar an dara dul síos, níl rochtain ag gnólachtaí nuálacha Eorpacha ar go leor caipiteal riosca chun fás agus leathnú a dhéanamh laistigh den Aontas. Tá sé sin ar cheann de na príomhbhacainní ar iomaíochas an Aontais. Dá bhrí sin, is cuspóir tábhachtach é feabhas a chur ar infhaighteacht caipitil riosca. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, in éineacht leis an gCoimisinéir um Sheirbhísí Airgeadais agus um an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta agus le Comhaltaí eile an Choláiste, beimid ag féachaint ar bhealaí chun níos mó infheisteoirí institiúideacha a mhealladh; ionstraimí maoinithe phoiblí a ghiaráil ar bhealach níos fearr, feasacht a mhúscailt, agus malartú dea-chleachtas a éascú, athbhreithniú a dhéanamh ar na creataí cánach agus dlíthiúla chun bacainní atá ann cheana a bhaint agus tógáil ar scéimeanna náisiúnta rathúla. Ba cheart béim ar leith a leagan ar na bacainní atá fós ann maidir le cistí infheistíochta a uas-scálú, lena mbeifear in ann tacú le riachtanais mhaoinithe gnólachtaí nuálacha.

Ar an tríú dul síos, ní féidir le margaí caipitil an Aontais dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta agus ní féidir leo tairbhe a bhaint as scála an Mhargaidh Aonair toisc go bhfuil siad ró-ilroinnte. Tá roghanna níos teoranta ag infheisteoirí an Aontais chun infheistíocht a dhéanamh, agus i gcás ina n-infheistíonn siad, bíonn na costais níos airde agus bíonn an toradh níos ísle ná mar a bhíonn in áiteanna eile. Ag an am céanna, gan margaí scálaithe, ní féidir leis an Aontas coinneáil suas leis na riachtanais mhaoinithe don aistriú glas agus don aistriú digiteach. Tá sé tábhachtach bacainní a shainaithint agus tuilleadh oibre a dhéanamh maidir le deireadh a chur leo, ar constaicí iad ar chomhtháthú agus ar leachtacht mhargaí na hEorpa a dhoimhniú, ach chomh maith leis sin chun a áirithiú gur féidir le hinstitiúidí airgeadais Eorpacha feidhmiú agus cothroime iomaíochta dhomhanda ann, mar a gcuirtear caighdeáin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta i bhfeidhm go comhsheasmhach san Eoraip agus i ndlínsí eile. Le margaí airgeadais ní ba dhoimhne, neartófaí ról idirnáisiúnta an euro freisin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tacóidh mé leis na hiarrachtaí dul i ngleic leis na dúshláin atá fós gan réiteach agus a chuireann bac ar acmhainneacht iomlán mhargaí caipitil na hEorpa i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil.

Ar deireadh, difríochtaí sa mhaoirseacht a dhéantar ar oibreoirí margaidh airgeadais, féadfaidh siad an costas a bhaineann le gnó a dhéanamh ó Bhallstát go chéile a mhéadú. D'fhéadfadh go leor de na difríochtaí sin dochar a dhéanamh d'infheisteoirí nach mbeadh an leibhéal céanna cosanta acu ó Bhallstát go chéile. Is féidir le córas maoirseachta feabhsaithe ar leibhéal an Aontais a bheith ina mhórsiocair chun acmhainneacht iomlán ár margaí caipitil a bhaint amach, trí neamhéifeachtúlachtaí a laghdú, barainneachtaí scála a bhaint amach, agus iontaoibh a chruthú i bhfeidhmiú na margaí. Ba ríthábhachtach an rud é chun an t-ualach rialála a laghdú. Tá bealaí éagsúla ann chun maoirseacht a fheabhsú. Tá gá le comhairliúchán breise agus rannpháirtíocht bhreise leis na páirtithe leasmhara uile maidir le conas socruithe maoirseachta laistigh den Aontas a fheabhsú, agus sainghnéithe na n-earnálacha agus na dtíortha éagsúla á gcur san áireamh freisin.

Nuair a dhéantar urrúsú a leagan amach go fónta, agus nuair a dhéantar dea-rialáil agus maoirseacht air, creidim go bhféadfaidh ról dearfach a bheith aige don gheilleagar mar uirlis chun infheisteoirí nua a mhealladh, agus mar uirlis bainistithe riosca chun riosca creidmheasa a aistriú ó bhainc chuig tacar leathan infheisteoirí institiúideacha de chuid an Aontais agus ó thríú tíortha a bhainfeadh tairbhe as breis éagsúlachta sna neamhchosaintí. D'fhéadfadh an méid sin a chur ar a gcumas do na bainc níos mó maoinithe a chur ar fáil don fhíorgheilleagar. Le Creat Urrúsaithe 2019 agus na leasuithe a rinneadh air ina dhiaidh sin, cuireadh feabhas ar an trédhearcacht agus ar an gcaighdeánú sa mhargadh urrúsaithe, ach tá an margadh san Aontas fós tearcfhorbartha. Leag Bord Gobharnóirí an Bhainc Ceannais Eorpaigh i mí an Mhárta 2024, agus an Chomhairle Eorpach i mí Aibreáin 2024, béim ar a

thábhachtaí atá sé margadh urrúsaithe an Aontais a athbheochan. Ba cheart córas urrúsaithe dea-fheidhmiúil a bheith ina ghné dár gclár oibre. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, is ar mhalartuithe breise libhse agus ar thoradh comhairliúcháin spriocdhírithe leanúnaigh, comhairle theicniúil ó na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha san áireamh, a bheidh mo sheasamh bunaithe maidir le cé acu ba cheart an córas atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta agus conas ba cheart é sin a dhéanamh. Óna thaobh sin de, is den réamhriachtanas dúinn é an chobhsaíocht airgeadais a ráthú i gcónaí.

Tá bainc, árachóirí, cuideachtaí infheistíochta agus idirghabhálaithe eile a fheidhmíonn go maith agus atá ar thús cadhnaíochta go hidirnáisiúnta de dhíth ar an Eoraip chun an nuálaíocht a mhaoiniú, infheistíocht a dhéanamh san aistriú glas, san aistriú digiteach agus san aistriú sóisialta, agus chun iomaíochas an Aontais a athbhunú. Ag an am céanna, níor cheart dúinn dearmad a dhéanamh dá thábhachtaí atá sé creat stuamachta fónta láidir a chaomhnú. Ba é ba chúis leis an ngéarchéim airgeadais in 2007/2008 caighdeáin a bhí ró-lag, maoirseacht a bhí ró-éadrom, agus easpa comhar idirnáisiúnta. Ó shin i leith, tá córas airgeadais na hEorpa á neartú leis na hathchóirithe rialála agus maoirseachta, córas ar féidir leis brath anois ar institiúidí airgeadais dea-chaipitlithe agus córas a léirigh a athléimneacht le linn na dteagmhas atá tite amach le blianta beaga anuas. Ba cheart dúinn tógáil ar an mbonn láidir sin chun iomaíochas thionscal airgeadais na hEorpa a áirithiú san fhadtéarma.

Mar a luaitear i dtreoirlínte polaitiúla an Uachtaráin thoghaí von der Leyen, is gá caipiteal príobháideach a ghiaráil agus a dhí-rioscú chomh maith. Le huirlisí coinneála riosca, amhail iasachtaí, ráthaíochtaí nó idirghabhálacha cothromais, ba cheart go mbeadh sé ní b'éasca do chaipiteal príobháideach tacú le hiomaíochas ghnólachtaí an Aontais. Chun tuilleadh sonraí a fháil, iarraim ar na Comhaltaí Onóracha féachaint ar na freagraí atá tugtha agam ar cheist 5.

**Uirlis um Chomhordú Iomaíochais**

*4. Cad iad na príomhcholúin ba cheart a bheith sa Chreat nua-bheartaithe um Chomhordú Iomaíochais? Conas a idirghníomhaíonn sé sin leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas?*

Sna treoirlínte polaitiúla ón Uachtarán toghaí von der Leyen, tagraítear do Chiste nua Eorpach um Iomaíochas mar chuid dár dtogra le haghaidh buiséad nua treisithe sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile. Mar a léiríodh sa litir mhisin a cuireadh chugam, forbrófar an Uirlis um Chomhordú Iomaíochais i gcomhar leis an gCiste seo um Iomaíochas, d'fhonn beartais infheistíochta a spriocdhíriú agus a chomhordú ar bhealach níos fearr, rud a chruthóidh éifeacht iolraithe dá réir sin. Léirítear leis sin an iarraidh i dtuarascáil Draghi go ndéanfaí comhordú ní b'éifeachtaí ar bheartais iomaíochais chun feabhas a chur ar an ailíniú idir tosaíochtaí athchóirithe agus infheistíochta an Aontais agus na mBallstát araon.

Ní mór gurb é cuspóir na hUirlise um Chomhordú Iomaíochais treisiú a dhéanamh ar an gcomhleanúnachas idir cuspóirí iomaíochais an Aontais agus na beartais náisiúnta sna Ballstáit. Ní mór dúinn iad a ailíniú le tacar coiteann tosaíochtaí straitéiseacha ionas go dtreiseoidh siad a chéile. Leis sin, sholáthrófaí níos mó cinnteachta, intuarthachta agus scála sa Mhargadh Aonair, laghdófaí an ilroinnt agus chuideofaí chun na hinfheistíochtaí ollmhóra a úsáid is gá do chlár oibre an Aontais maidir leis an iomaíochas.

Ó thaobh an mhodha de, má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé leis an gCoimisinéir um an nGeilleagar agus Táirgiúlacht chun comhordú beartais a áirithiú agus chun a áirithiú go leanfar den Seimeastar Eorpach a dhíriú ar iomaíochas an Aontais seo againne, agus ár mbeartais eacnamaíocha agus thionsclaíocha araon á n-ailíniú.

Maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas, iarraim oraibh féachaint ar an bhfreagra atá tugtha agam ar cheist 16.

**Infheistíocht**

*5. Conas a shamhlaíonn tú todhchaí chlár InvestEU? Conas a shamhlaíonn tú do chomhar le BEI? Cad é do phlean chun infheistíochtaí príobháideacha a scaoileadh chun tacú le geilleagar na hEorpa? Cad iad na huirlisí eile a mbeadh fonn ort leas a bhaint astu chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna shuntasach chistiúcháin?*

Scála na n-infheistíochtaí is gá le haghaidh iomaíochas agus shlándáil na hEorpa, tá sé ollmhór. Meastar i dtuarascáil Draghi go bhfuil gá le hinfheistíocht bhreise thart ar €800 billiún in aghaidh na bliana chun ár gcuspóirí maidir leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach a bhaint amach agus chun ár riachtanais caiteachais cosanta a chomhlíonadh. I bhfianaise an mhéid sin, leagtar béim i dtreoirlínte polaitiúla an Uachtaráin thoghaí von der Leyen ar an ngá atá le hinfheistíocht phoiblí agus giaráil phoiblí a uasmhéadú agus caipiteal príobháideach a dhí-rioscú. Le huirlisí coinneála riosca, amhail iasachtaí, ráthaíochtaí nó idirghabhálacha cothromais, ba cheart go mbeadh sé ní b'éasca do chaipiteal príobháideach tacú le hiomaíochas thionscal an Aontais.

Is é clár InvestEU an 'ionstraim comhroinnte riosca is mó atá i bhfeidhm faoi láthair' agus is amhlaidh a d'éirigh leis. Trí bliana tar éis a sheolta, tá infheistíochtaí dar luach os cionn €200 billiún curtha ar fáil trí InvestEU, agus meastar gur ó acmhainní príobháideacha a thiocfaidh thart ar 2/3 de sin. Leis an gcistiú sin, cuirtear le príomhthosaíochtaí beartais amhail nuálaíocht agus bonneagar chun dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cuirtear leis an tacaíocht do FBManna agus d'earnálacha sóisialta freisin.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé chun a áirithiú go gcuirfear clár InvestEU chun feidhme go hiomlán agus go leanúnach ar feadh a bhfuil fágtha den chlárthréimhse, i gcomhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus le comhpháirtithe cur chun feidhme eile. Chuige sin, beidh gá freisin leis an tsolúbthacht atá ann cheana a úsáid. Baineann tábhacht ar leith leis sin i gcás táirgí airgeadais a bhfuil éileamh mór orthu, go háirithe chun tacú le FBManna inbhuanaithe agus digiteacha, le hearnálacha sóisialta, agus le teicneolaíochtaí glana, digiteacha agus bith-theicneolaíochtaí.

Eascraíonn neart InvestEU freisin as an ollstruchtúr oscailte a bhaineann leis, rud a chruthaigh éiceachóras institiúidí airgeadais poiblí ar fud an Aontais, agus iad ag teacht le chéile chun cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach. Is é an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) an príomh-chomhpháirtí agus tá bainc iltaobhacha eile in éineacht leis, amhail an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF), an Banc Infheistíochta Nordach, Banc Chomhairle na hEorpa, chomh maith le bainc forbartha na mBallstát.

Thairis sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuirfidh mé leis an taithí dhearfach atá faighte ón gclár InvestEU agus bainfidh mé leas as an méid sin chun níos mó sineirgí a chruthú idir maoiniú poiblí agus maoiniú príobháideach. Grúpa BEI, ina bhfuil BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI) araon, is comhpháirtithe seanbhunaithe de chuid an Choimisiúin iad agus chuidigh siad chun ár gcláir a chur chun feidhme laistigh agus lasmuigh den Aontas araon. In éineacht leis an gCoimisinéir um an nGeilleagar agus Táirgiúlacht, cinnteoimid go leanfaidh an Grúpa BEI de ról straitéiseach a bheith aige maidir le tacú le hinfheistíocht ar fud an Aontais, rud a chuirfidh leis an bhfás eacnamaíoch, leis an nuálaíocht, leis an iomaíochas, leis an dícharbónú, leis an digitiú, leis an aistriú cóir agus leis an gcomhtháthú dá réir. D'fhéadfaimis BEI a spreagadh freisin chun ról níos láidre fós a bheith aige, trí níos mó rioscaí a ghlacadh maidir leis na hoibríochtaí a mhaoiníonn sé, agus tacú leis an gCoimisinéir um an nGeilleagar agus Táirgiúlacht féachaint le ról CEI a fheabhsú chun dlús a chur le maoiniú do chuideachtaí ardacmhainneachta atá ag fás go tapa. Is maith atá BEI agus CEI araon in ann timpeallacht fhabhrach infheistíochta a chruthú agus cistiú poiblí agus príobháideach a spreagadh.

Ní mór dúinn a aithint freisin a thábhachtaí atá creat rialála fabhrach. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i gcomhar leis an gCoimisinéir um an nGeilleagar agus Táirgiúlacht agus leis an gCoimisinéir um Chur Chun Feidhme agus Simpliú chun a chinntiú gur lú an t-ualach tuairiscithe a bheidh ar ár gcomhpháirtithe airgeadais agus ar ár ngnólachtaí.

Tá an chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile le dearadh againn maille leis na hionstraimí a bheidh ina gcuid de. Ní mór dúinn machnamh a dhéanamh ar dtús ar an gceist 'cad ba mhaith linn a mhaoiniú' agus ansin 'conas' is fearr is féidir linn ár gcuspóirí a chomhlíonadh agus na torthaí is fearr a bhaint amach ar an láthair, agus muid ag cur leis na ceachtanna a foghlaimíodh le InvestEU. Le sásraí simplithe chun uirlisí éagsúla maoinithe agus tacaíocht chomhairleach a chomhcheangal le tionscadail a ullmhú agus a chur in úsáid, féadfar dlús a chur leis na tionscadail agus feabhas a chur ar a gcáilíocht. Fágfaidh sé sin gur mó an tionchar a bheidh ag an gcistiú a dhéanfaimid.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí chun a chinntiú go gcuirfear na gnéithe sin san áireamh agus an chéad togra eile maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil á ullmhú chun a chinntiú go mbeidh colún iomaíochais an-láidir aige.

Ceisteanna ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

*6. Conas a chuirfidh an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan leis an gComhaontú Glas agus conas a chomhlánóidh sé é? Cad iad na príomhbhearta atá beartaithe agat a chur chun cinn i gcomhthéacs an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan, an Ghnímh um an nGeilleagar Ciorclach agus an Phacáiste maidir le Tionscal na gCeimiceán, agus i gcomhthéacs thuarascáil Draghi maidir le hIomaíochas an Aontais freisin? Conas a áiritheoidh tú comhsheasmhacht agus sineirgí i measc na dtionscnamh? Conas a rannchuideoidh siad leis na spriocanna comhshaoil, lena n-áirítear an uaillmhian maidir le truailliú nialasach? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat dlús a chur leis an dícharbónú tionsclaíoch agus infheistíocht a dhéanamh ag an am céanna, iomaíochas domhanda an Aontais a áirithiú agus poist ardcháilíochta a chaomhnú, agus ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a laghdú? Cad iad na bearta a dhéanfaidh tú chun a áirithiu go gcuirfear reachtaíocht an Aontais maidir leis an aistriú chuig fuinneamh glan in oiriúint do FBManna? Cad iad na bearta a chuirfidh tú chun cinn sa Gníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch chun tacú le príomh-mhargaí na hEorpa chun teicneolaíocht ghlan a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh sa tionsclaíocht, agus cad iad na hacmhainní airgeadais a shlógfaidh tú chun an sprioc sin a bhaint amach? Cad iad na straitéisí sonracha atá beartaithe agat a chur chun feidhme chun dlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh tionscadail chriticiúla chun dul chun cinn tráthúil a dhéanamh maidir le cuspóirí aeráide, agus cosaint ardleibhéil an chomhshaoil á coimirciú ag an am céanna? Cad iad na bearta a chuirfidh tú chun cinn chun cothromaíocht a bhaint amach idir spleáchais ar amhábhair chriticiúla a laghdú agus borradh a chur faoi iomaíochas agus ciorclaíocht na hEorpa agus urraim d'ardchaighdeáin chomhshaoil a áirithiú? Conas a áiritheoidh tú go mbeidh dreasachtaí nithiúla leordhóthanacha sa Ghníomh nua um an nGeilleagar Ciorclach chun borradh leordhóthanach a chur faoi éileamh an mhargaidh ar ábhair thánaisteacha agus chun margadh aonair dramhaíola a bhunú?*

Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, cuireadh an tAontas ar an mbóthar ceart chun bheith ina gheilleagar aeráidneodrach atá tíosach ar acmhainní. I bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, cuireadh gníomhaíochtaí chun cinn chun iomaíochas thionscal glan-nialasachta na hEorpa a fheabhsú d'fhonn dlús a chur leis an aistriú. Leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, leanfar ar an gconair sin chun geilleagar na hEorpa a dhícharbónú agus a thionsclú ag an am céanna, agus tuilleadh athléimneachta agus neamhspleáchas níos straitéisí ann.

I gcomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch agus le Comhaltaí eile den Choláiste, oibreoimid i dtreo sraith tionscnamh darb aidhm feabhas a chur ar cheadanna agus ar rochtain ar bhonneagair, ar rochtain ar fhuinneamh agus ar amhábhair, ar rochtain ar mhaoiniú poiblí agus príobháideach, agus ar rochtain ar scileanna agus ar theicneolaíochtaí. Is amhlaidh a chuirfimid dlús le dícharbónú an tionscail trí phróisis riaracháin a shimpliú, trí mhargaí tosaigh táirgí inbhuanaithe athléimneacha a fhorbairt, trí chistiú príobháideach a shlógadh don aistriú, trí leas a bhaint as comhpháirtíochtaí, tríd an Margadh Aonair a neartú agus trí chothroime iomaíochta a áirithiú.

Leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, cuirfear leis an méid atá bainte amach faoin sainordú deireanach agus áiritheofar go mbeidh an cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil, gan ualach breise a chruthú. Is sia a rachaidh sé chun an cás gnó le haghaidh dícharbónaithe a neartú agus tabharfaidh sé tacaíocht d'iarrachtaí na hearnála tionsclaíochta nuálaíocht agus uas-scálú a dhéanamh. Chun déanamh amhlaidh, ba cheart dó aghaidh a thabhairt ar ghnéithe uile an cháis gnó sin, lena n-áirítear an méid seo a leanas ach gan a bheith teoranta dó: margaí inmheánacha agus seachtracha, cistiú poiblí agus príobháideach, beartais shóisialta agus thionsclaíocha, ionstraimí airgeadais agus reachtacha. Ní féidir aon cheann acu a mheas ina n-aonar. Chun leas a bhaint as an aistriú ar bhealach cothrom éifeachtach, ní mór comhsheasmhacht a bheith ann agus ní mór an beartas tionsclaíoch a chomhtháthú go hiomlán. Chomh maith le bearta cothrománacha, ba cheart aghaidh a thabhairt ar roinnt earnálacha atá luaite agaibh.

Ar an gcéad dul síos, beidh an Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach ina chuid lárnach den Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um an gComhshaol, um Athléimneacht i réimse an Uisce agus um Gheilleagar Ciorclach Iomaíoch chun an méid sin a bhaint amach. Is é an cuspóir atá ann imeacht ó chur chuige líneach go cur chuige saolré i leith táirgí agus ábhar. Méadóidh sé sin soláthar agus éileamh ábhar tánaisteach agus bunóidh sé margadh aonair le haghaidh dramhaíola, mar shampla trí chritéir dheiridh dramhaíola a chomhchuibhiú. Is minic a bhíonn praghas na n-amhábhar tánaisteach níos airde ná óghábhair, agus is minic a bhíonn faisnéis neamhshiméadrach ar na hamhábhair thánaisteacha ar fud an tslabhra luacha agus margadh inmheánach teoranta le haghaidh aisghabhála agus athchúrsála. Dá bhrí sin, leis an nGníomh um an nGeilleagar Ciorclach féachfar le dreasachtaí a chruthú chun ábhair thánaisteacha a úsáid trí aghaidh a thabhairt ar an teip mhargaidh sin.

Feictear dúinn go bhfuil gealladh faoi trí bhunchloch: cur chun feidhme praiticiúil na reachtaíochta cuimsithí a glacadh sa sainordú deireanach; an Margadh Aonar a ghiaráil, mar shampla ligean do tháirgeoirí amhábhar tánaisteach a dtáirgí a dhíol ar fud an Aontais; eacnamaíocht an aistrithe chiorclaigh a neartú, agus táirgí ciorclacha agus samhlacha gnó ciorclacha a chur chun cinn. D'éirigh linn an fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó astaíochtaí, agus is féidir linn an méid sin a mheaitseáil freisin tríd an bhfás a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní. Tríd an méid sin a dhéanamh, cuirfimid lenár n-iomaíochas agus lenár bhfeidhmíocht eacnamaíoch, agus ag an am céanna laghdófar ár lorg comhshaoil, ár spleáchas ar acmhainní príomha agus ár dtionchar ar an mbithéagsúlacht agus ar an truailliú.

Ar an dara dul síos, beidh an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla fós lárnach. Chun borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa, tá gá le rochtain shlán inbhuanaithe ar amhábhair. Áirítear leis sin méadú a dhéanamh ar eastóscadh agus scagadh amhábhar laistigh den Eoraip, mór-roinn ina bhfuil go leor sócmhainní againn a bhfuil ardchaighdeáin chomhshaoil acu agus ina bhfuil na cuideachtaí agus na teicneolaíochtaí is nuálaí. Ciallaíonn sé freisin borradh a chur faoi athchúrsáil amhábhar príomhúil, ionas gur féidir linn ár riachtanais iompórtála a laghdú agus ár lorg comhshaoil a laghdú ag an am céanna. Molfaidh an Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach bearta taobhacha atá dírithe ar sholáthar agus ar éileamh le haghaidh amhábhair thánaisteacha, amhail roinnt cur chuige níos éifeachtaí maidir le freagracht leathnaithe táirgeora, critéir dheiridh dramhaíola, ábhar athchúrsáilte agus critéir soláthair phoiblí a bhaineann leis an inbhuanaitheacht.

Ar an tríú dul síos, mar phríomhghné den Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, oibreoidh mé leis an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-nialasacht agus Fás Glan ar an nGníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch chun tacú le príomh-mhargaí na hEorpa chun teicneolaíocht ghlan a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh sa tionscal, agus cuirfidh mé dlús le próisis phleanála, tairisceana agus cheadaithe, go háirithe i gcás earnálacha dianfhuinnimh. Trí chúnamh a thabhairt do thionscal an Aontais dícharbónú a dhéanamh, trí chur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, cinnteofar a n-iomaíochas fadtéarmach agus caomhnófar poist ardcháilíochta.

Tá intuarthacht agus tapúlacht riachtanach chun infheistíochtaí i dtionscadail thionsclaíocha a éascú. Chuige sin, éascóidh an Gníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch bearta ceadaithe a chuirfidh le múnla an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta (NZIA) agus an Ghnímh um Amhábhair Chriticiúla (CRMA). Leis sin, is féidir le tionscadail straitéiseacha tairbhe a bhaint as ceadú cuíchóirithe agus as 'stádas tosaíochta' ar an leibhéal náisiúnta gan caighdeáin chomhshaoil, shóisialta agus rialachais a lagú. Chun an creat nua sin a fhorbairt, tá sé beartaithe agam oibriú go dlúth leis na Ballstáit agus tacú le riaracháin náisiúnta agus áitiúla le huirlisí ábhartha. Ba cheart don Ghníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch infheistíocht a threorú freisin chuig na háiteanna is mó a bhfuil gá léi.

Ar ndóigh, tá ról lárnach ag FBManna sa gheilleagar agus san aistriú inbhuanaithe. Leanfaidh mé de chur chun feidhme an Phacáiste Fóirithinte do FBManna, lena n-áirítear an scagaire FBM chun tograí a shainaithint atá an-ábhartha do FBManna sna céimeanna luatha den cheapadh beartais agus de bhearta maolaithe a bhaineann go sonrach le tionscnamh. Cuirfimid seiceáil nua FBM i bhfeidhm freisin, mar atá tuairiscithe a thuilleadh i mo fhreagra ar cheist 11.

Is iomaí tionscnamh eile a chuirfear san áireamh sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, amhail an Plean Gníomhaíochta le haghaidh Praghsanna Fuinnimh Inacmhainne. Thar aon ní eile, ba cheart don Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan na dálaí cearta a chruthú, ní hamháin chun cabhrú le cuideachtaí Eorpacha éirí níos iomaíche ar an leibhéal domhanda, ach chun a chinntiú go mbainfidh saoránaigh níos mó tairbhe as an aistriú ar an leibhéal áitiúil chomh maith.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, déanfaidh mé na tionscnaimh sin a phlé libh. Rachfar i gcomhairle go cuí freisin le páirtithe leasmhara agus le húdaráis náisiúnta. Agus féadfar a bheith cinnte go leanfaidh mé an treoirphrionsabal maidir le haistriú cothrom cóir, go geografach agus go sóisialta, feadh thréimhse an tsainordaithe.

*7. Conas a áiritheoidh tú go gcuirfear an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) chun feidhme go héifeachtach, go hiomlán agus go tráthúil, agus maorlathas nach bhfuil gá leis agus cosaint dhúbailte á seachaint ag an am céanna? Cad iad na bearta a mholfaidh tú chun lúba ar lár a d'fhéadfadh a bheith ann a chur ina gceart go réamhtheachtach agus go hiartheachtach agus chun raon feidhme SCCT a leathnú i gcomhréir leis an Rialachán, agus sceitheadh carbóin feadh an tslabhra luacha á sheachaint ag an am céanna agus staid na dTíortha is Lú Forbairt (LDCanna) á cur san áireamh?*

Is ionstraim an-tábhachtach don aeráid é an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT). Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, oibreoidh mé leis an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-nialasacht agus Fás Glan chun a chinntiú go gcuirfear chun feidhme go hiomlán agus go tráthúil é, agus aird ar leith á tabhairt agam ar íoslaghdú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le himchéimniú agus ualach riaracháin, go háirithe do FBManna.

Beidh iarmhairtí airgeadais i gceist le SCCT ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh. Le linn na hidirthréimhse a thosaigh i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus atá go fóill ar siúl, chuir an Coimisiún ábhar tacaíochta agus treorach ar fáil d'allmhairigh agus d'onnmhaireoirí agus d'údaráis inniúla náisiúnta chomh maith.

Trí éisteacht le páirtithe leasmhara, ina measc sin gnólachtaí agus riaracháin náisiúnta, lena n-áirítear le linn an Idirphlé cur chun feidhme, ach freisin comhpháirtithe tríú tír agus baill den Chlub Aeráide a seoladh ag G7, is féidir linn a chinntiú go mbeidh na bearta cur chun feidhme chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir.

Bainfidh an Coimisiún leas freisin as an idirthréimhse atá ann faoi láthair chun coigeartuithe a dhéanamh, go háirithe ó thaobh an tsimplithe de. Chuige sin, cuirfimid tuarascáil athbhreithniúcháin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoi dheireadh 2025.

Cumhdófar sa tuarascáil na breithnithe uile a leagtar síos i gclásal athbhreithniúcháin an Rialacháin agus áireofar inti measúnú ar shíntí a d'fhéadfadh a chur le raon feidhme SCCT, lena n-áirítear astaíochtaí indíreacha, rialachas SCCT, agus tionchar idirnáisiúnta an rialacháin ar thíortha i mbéal forbartha agus go háirithe ar na Tíortha is Lú Forbairt.

Foráiltear leis an rialachán go bhféadfaí raon feidhme SCCT a leathnú chun earraí eile lena mbaineann riosca sceite carbóin a chumhdach faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE), go háirithe ceimiceáin orgánacha, polaiméirí, astaíochtaí as iompar earraí agus seirbhísí iompair, chomh maith le hábhair ionchuir eile, ar a dtugtar ábhair réamhtheachtacha. Mar a cheanglaítear leis an Rialachán maidir le SCCT, déanfaimid ár machnamh maidir le féidearthachtaí chun táirgí a áireamh níos faide síos slabhra luacha na n-earraí SCCT atá ann faoi láthair. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá leis sin chun nach mbrúfar sceitheadh carbóin níos faide síos an slabhra luacha, agus chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht SCCT maidir leis an aeráid a chosaint. Mar sin féin, aon leathnú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar SCCT, ní mór é a bheith bunaithe ar chritéir shoiléire agus é comhréireach le cuspóirí an tsásra. Ina theannta sin, in éineacht leis an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-nialasacht agus Fás Glan, déanfaidh mé measúnú leanúnach ar an dóigh chun aghaidh a thabhairt ar aon imchéimniú SCCT a d'fhéadfaí a dhéanamh, rud a bhfuil ról ríthábhachtach ag lucht custaim ina leith.

Mar atá iarrtha ag na comhreachtóirí, déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin ar an riosca sceite carbóin d'earraí atá faoi réir SCCT, earraí a tháirgtear san Aontas agus a dhéantar a onnmhairiú chuig tríú tíortha, go háirithe iad siúd nach gcuireann CTA AE ná sásra comhchosúil praghsála carbóin i bhfeidhm.

Maidir leis na Tíortha is Lú Forbairt (TLFanna), ní dhíolmhaítear TLFanna le SCCT, ó tharla go spreagfadh sé sin dí-chomhchruinniú tionscal níos truaillithe chuig na tíortha sin seachas dícharbónú a spreagadh. Léirítear i staidéir ón gCoimisiún go bhfuil teorainn leis na honnmhairí ó na TLFanna chuig an Aontas sna hearnálacha a chumhdaítear leis an SCCT. Mar sin féin, i gcás roinnt TLFanna, féadfaidh easpórtálacha chuig an Aontas tuilleamh tábhachtach malairte eachtraí a chur ar fáil agus a bheith ina sciar suntasach dá nOllioncam Náisiúnta. In éineacht le Coimisinéirí eile, áiritheoidh mé go leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair go dlúth leis na tíortha sin agus go dtacóidh sé leo coigeartú agus ullmhú a dhéanamh le linn idirthréimhse SCCT.

*8. Cad iad na tosaíochtaí atá agat don Phacáiste do Thionscal na gCeimiceán atá ar na bacáin? Conas a bhainfidh tú amach an t-aistriú chuig ceimiceáin ghlasa chiorclacha atá sábháilte, nach bhfuil chomh dian céanna ar uisce agus ar fhuinneamh agus intuarthacht fhadtéarmach á cur ar fáil d'infheisteoirí i dtreo nuálaíochtaí inbhuanaithe ag an am céanna? Cathain a thíolacfaidh tú togra le haghaidh athbhreithniú ar REACH lena n-áiritheofar simpliú agus cosaint fheabhsaithe don tsláinte agus don chomhshaol agus tionscal iomaíoch á ráthú ag an am céanna? Cad é do phlean maidir le PFASanna chun nochtadh an duine agus an chomhshaoil dóibh a íoslaghdú agus, ag an am céanna, creat soiléir indéanta a áirithiú don tionscal trí úsáidí riachtanacha a chur san áireamh?*

Beidh an Pacáiste maidir le Tionscal na gCeimiceán, rud a leagadh amach sna Treoirlínte Polaitiúla, ríthábhachtach chun cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil a áirithiú agus chun go mbeidh tionscal an Aontais iomaíoch.

De réir mar atáthar ag cur leis na blianta taithí ar chur chun feidhme REACH agus na reachtaíochta maidir le ceimiceáin, is léir gur gá don Aontas a luas a ghéarú, an rómhaorlathas a laghdú, agus soiléireacht agus cinnteacht a chur ar fáil do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí araon. Leis an bPacáiste, féachfar le creat rialála níos éifeachtúla a chruthú a ghníomhóidh ar bhealach níos tapúla chun substaintí díobhálacha a bhaint den mhargadh agus, ag an am céanna, cinnteacht infheistíochta fadtéarmaí níos fearr a chur ar fáil do chuideachtaí ceimiceán na hEorpa atá ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain.

Is údar bróid don Aontas gur aige atá an creat rialála ceimiceán is forbartha ar domhan, ach ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe áirithe mar sin féin. I bhfianaise an riosca a bhaineann le ceimiceáin áirithe agus na ndúshlán eacnamaíoch atá roimh thionscal na gceimiceán, tá gá le cur chuige athnuaite iomlánaíoch chun borradh a chur faoin aistriú glas agus chun iomaíochas inbhuanaithe a bhaint amach. Sin é an fáth, má dheimhnítear m'ainmniúchán, go n-oibreoidh mé i gcomhar leis an gCoimisinéir um an gComhshaol, um Athléimneacht i réimse an Uisce agus um Gheilleagar Ciorclach Iomaíoch chun ceithre thosaíocht a leagan síos don Phacáiste maidir le Tionscal na gCeimiceán atá le teacht:

(1) Slabhraí soláthair nuálacha inbhuanaithe slána: ní mór don Aontas seasamh go daingean chun tacú le tionscal ceimiceán láidir athléimneach, rud atá ríthábhachtach chun fás agus rathúnas a chruthú san Aontas. Tá gá le creat cumasúcháin a chruthú le haghaidh infheistíochtaí lena spreagtar an t-aistriú i dtreo réitigh nua ghlasa dhigiteacha, lena n-áirítear foinsí fuinnimh ghlain agus bunábhar carbóin inbhuanaithe, agus ceimiceáin shábháilte chiorclacha inbhuanaithe freisin. Chuige sin, beidh gá le comharthaí soiléire agus le hintuarthacht fhadtéarmach d'infheisteoirí agus is féidir é sin a bhaint amach trí chur chuige níos comhoibríche a chur chun cinn idir údaráis phoiblí agus an tionscal. Ba cheart tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'ionadú ceimiceán díobhálach trí nuálaíocht agus aistriú eolais in aistriú an tionscail chuig roghanna malartacha níos sábháilte. Ós rud é gur ceimiceáin atá i gcroílár go leor slabhraí soláthair atá ríthábhachtach don aistriú, ní mór dúinn cruthú spleáchais nua a sheachaint.

(2) Reachtaíocht shimplithe chuíchóirithe: Chuir REACH go suntasach le méadú an eolais faoi cheimiceáin trí chlárú agus trí mheastóireacht, agus chuidigh sé maidir le haghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann le ceimiceáin áirithe trí údaruithe agus srianta. Mar sin féin, tá sé léirithe freisin go bhfuil ualach rómhór ag baint le REACH don tionscal, go háirithe do FBManna. Le togra reachtach chun athbhreithniú a dhéanamh ar REACH in 2025, é ullmhaithe i gcomhar leis an gCoimisinéir um an gComhshaol, um Athléimneacht i réimse an Uisce agus um Gheilleagar Ciorclach Iomaíoch, dhéanfaí REACH a ailíniú le tosaíochtaí an tsimplithe, an laghdaithe ualaigh agus an iomaíochais, agus d'fhéadfaí comhairliúcháin fhorlíontacha riachtanacha a dhéanamh leis an bParlaimint agus leis na geallsealbhóirí ábhartha uile.

Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an athbhreithniú ar REACH an creat rialála a nuachóiriú chun an t-iomaíochas inbhuanaithe agus an tslándáil san Aontas a mhéadú gan cur isteach ar chosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil. Chun simpliú a dhéanamh, déanfar athbhreithniú ar an déchóras údaruithe agus srianta chun an gá atá le húdaruithe aonair a laghdú go suntasach. Trínár gcur chuige a bhunú go príomha ar shrianta níos leithne, bheimis in ann cinntí a dhéanamh ar dhóigh ní ba thapúla agus ní ba thrédhearcaí, gan an t-ardleibhéal cosanta dár sláinte agus dár gcomhshaol a chur i mbaol.

Ina theannta sin, tacófar le FBManna tríd an digitiú. Le forfheidhmiú neartaithe, déanfar páirc na himeartha a chothromú, lena n-áirítear do dhíolacháin ar líne, d'fhonn staid iomaíoch chuideachtaí comhlíontacha an Aontais a choinneáil, agus áiritheofar leis go gcomhlíonfaidh táirgí iompórtáilte na caighdeáin ábhartha uile. Le feabhsuithe ar cheanglais maidir le faisnéis, amhail maidir le suaiteoirí inchríneacha, dúnfar bearnaí faisnéise agus cuirfear feabhas ar rialú rioscaí. Cuirfear modhanna tástála neamhainmhithe chun cinn agus íoslaghdófar tástáil ar ainmhithe. Thairis sin, le cur chun feidhme na leasuithe a glacadh le déanaí ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, beifear in ann uisce a úsáid ar bhealach i bhfad níos éifeachtúla agus níos ciorclaí i dtionscal na gceimiceán, agus beifear in ann sceitheadh díobhálach san uisce a laghdú chomh maith.

Ar deireadh, chun athbhreithniú REACH agus tionscnaimh a mhol an Coimisiún roimhe seo a chomhlánú, cuir i gcás 'substaint amháin, measúnú amháin', le togra reachtach le haghaidh bunrialachán don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, neartófar rialachas na Gníomhaireachta, cuirfear dlús lena nósanna imeachta agus méadófar a hinbhuanaitheacht airgeadais, rud a bhfuil práinn leis.

(3) Comhleanúnachas beartais: tá líon méadaitheach ceanglais rialála roimh an tionscal ceimiceán san Eoraip, ceanglais a bhfuil údar leo astu féin ach a bhféadfaí neamhréireachtaí agus dúbláil a chruthú dá mbarr idir píosaí éagsúla reachtaíochta. Tá comhordú níos fearr de dhíth orainn ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, agus tá cur chuige níos iomlánaíche de dhíth orainn chomh maith chun a áirithiú nach gcuirfidh an t-ualach carnach bac ar iomaíochas agus ar acmhainneacht nuálaíochta an Aontais. Dá bhrí sin, in éineacht leis an

gCoimisinéir um an gComhshaol, um Athléimneacht i réimse an Uisce agus um Gheilleagar Ciorclach Iomaíoch, mholfainn go láidir plé luath a dhéanamh, rud a d'éascóinn freisin, i measc údaráis an Aontais agus na n-údarás náisiúnta maidir le tosaíochtaí coiteanna agus na bearta beartais is iomchuí le haghaidh ceimiceán chun ailíniú idir REACH agus píosaí eile reachtaíochta a áirithiú. Rachadh comhordú den sórt sin chun tairbhe don tsláinte agus don chomhshaol freisin.

(4) Soiléireacht maidir le PFAS: Mar a chuirtear in iúl sa litir mhisin a cuireadh chugam, má dheimhnítear m'ainmniúchán geallaim go gcuirfidh mé soiléireacht thráthúil ar fáil maidir le próiseas srianta REACH i leith PFAS, in éineacht leis an gCoimisinéir um an gComhshaol, um Athléimneacht i réimse an Uisce agus um Gheilleagar Ciorclach Iomaíoch. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na ceimiceáin sin i bhfianaise líon mór na gcásanna éillithe ithreach agus uisce, lena n-áirítear uisce óil. Sin é an fáth a bhfuil bearta suntasacha déanta ag an gCoimisiún cheana féin chun na rioscaí a bhaineann le PFAS a rialú trí shrianta ar úsáidí tomhaltóirí agus trí bhearta eile faoi REACH, chomh maith le teorainneacha níos déine do PFAS in uisce óil agus rialuithe níos déine ar uisce dromchla agus screamhuisce. Féachfaidh mé leis an gcinneadh críochnaitheach a chur chun cinn a luaithe is féidir maidir leis an tionscnamh reatha ó roinnt Ballstát chun srian a chur le PFAS ar mhaithe le sláinte ár saoránach agus an chomhshaoil a chosaint, agus treoshuímh bhunúsacha áirithe á gcomhroinnt cheana féin chun leasa na soiléireachta agus na hintuarthachta. Féachfaidh mé le cosc a chur ar PFAS in úsáidí tomhaltóirí, amhail cosmaidí, ábhair teagmhála bia agus éadaí allamuigh.

I gcás nach bhfuil roghanna malartacha leormhaithe ó thaobh feidhmíochta agus sábháilte de ar fáil, thacóinn le PFAS a úsáid go fóill i bhfeidhmeanna tionsclaíocha, feidhmeanna criticiúla go háirithe, faoi choinníollacha dianrialaithe go dtí go dtiocfar ar roghanna ionadaíocha inghlactha, in éineacht le rialacha dochta maidir le hastaíochtaí agus diúscairt chun srian a chur lena scaoileadh amach sa chomhshaol, agus dreasachtaí soiléire chun dul i mbun nuála agus ionadaigh inbhuanaithe a fhorbairt. Aithníodh criticiúlacht earnálacha tionsclaíocha áirithe dár sochaí sa Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Aibreáin 2024 maidir le hÚsáid Riachtanach, agus úsáidtear PFAS go forleathan in go leor feidhmeanna tionsclaíocha atá ríthábhachtach, e.g. in earnálacha na cosanta, na leathsheoltóirí, na teicneolaíochta glaine nó an leighis.

Ceisteanna ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

*9. Cén fhís atá agat do do shainchúraimí de bhreis ar do litir mhisin agus cén oidhreacht ar mhaith leat a fhágáil i do dhiaidh? Cad iad na tograí reachtacha agus na tionscnaimh eile a mholfaidh tú do Choláiste na gCoimisinéirí lena nglacadh sna cúig bliana amach romhainn agus go háirithe sa chéad 100 lá? Conas a áiritheoidh tú go neartóidh na tograí sin, chomh maith le cur chun feidhme na reachtaíochta atá ann cheana, iomaíochas na hEorpa? An bhfuil sé i gceist agat na tograí reachtacha sin a bhunú ar mheasúnuithe tionchair tiomnaithe? Cad iad na pleananna atá agat go háirithe don Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, don Phlean Eorpach um Rathúnas, don Gníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch, don Chiste Eorpach um Iomaíochas agus don Ghníomh um an nGeilleagar Ciorclach? Cad iad na hacmhainní airgeadais ba cheart a leithdháileadh ar na tionscnaimh sin, dar leat? Conas a mhaoineoidh sibh an Ciste Eorpach um Iomaíochas go háirithe gan dochar do ghealltanais atá ann cheana maidir le beartais eile de chuid an Aontais? Cad ba cheart a bheith sa loighic eacnamaíoch agus sa chistiú tionsclaíoch, dar leat, ar gá aghaidh a thabhairt orthu leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas? Conas a shamhlaíonn tú an gaol idir na tionscnaimh sin agus an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta (NZIA), an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla (CRMA), STEP, agus sprioc laghdaithe astaíochtaí 2040? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat aghaidh a thabhairt ar ghné shóisialta na dtionscnamh sin? Conas a thabharfaidh tú aghaidh freisin sa chomhthéacs céanna ar chostas agus éifeachtúlacht fuinnimh, ar úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus ar fhoinsí eile fuinnimh? Cad í an fhís atá agat don Uirlis um Chomhordú Iomaíochais agus conas ba cheart di oibriú chun go mbeidh tú in ann na cúraimí a leagtar amach i do litir mhisin a chomhlíonadh?*

Tá bonn láidir monaraíochta ag an Eoraip agus seasamh láidir aici i margaí domhanda. Is réimsí barr feabhais iad earnálacha na mótarfheithiclí, na gceimiceán agus na cógaisíochta ach tá iomaíocht shuntasach dhomhanda rompu. Tá an baol ann go dtitfidh an tAontas ar gcúl sa nuálaíocht dhigiteach agus ghlan agus in iomaíochas na n-earnálacha dianfhuinnimh. Toisc go bhfuil na praghsanna fuinnimh i bhfad níos airde san Eoraip ná mar atá i ngeilleagair eile. Toisc go bhfuil an Eoraip go maith ag nuáil ach nach bhfuil sí chomh maith céanna ag uas-scálú agus ag tabhairt táirgí nuálacha chuig an margadh. Toisc gur measa na rioscaí a bhaineann le spleáchais straitéiseacha mar gheall ar an gcomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair. Is ar na cúiseanna sin go léir is ceart béim as an nua a chur ar bharr an chláir oibre Eorpaigh maidir lenár straitéis thionsclaíoch.

An t-iomaíochas mar mhodh agus an rathúnas mar sprioc, is é sin mo mhisean. Is é an uaillmhian atá againn go mbeidh na dálaí cearta curtha i bhfeidhm againn ag deireadh thréimhse an tsainordaithe seo chun go bhfásfaidh na cuideachtaí Eorpacha agus go mbainfidh siad tairbhe as dinimiceas nua a fhéadfaidh taca a chur faoi rathúnas na nglúnta atá ann faoi láthair agus na nglúnta atá le teacht. Creidim go láidir go bhféadfar foinse fáis agus fostaíochta a dhéanamh den dícharbónú. Creidim freisin nach mór don Aontas gníomhú le chéile chun go n-éireoidh leis, seachas mar 27 mBallstát ina n-aonar. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, cuirfidh mé béim ar leith ar chomhsheasmhacht a áirithiú ar fud ár mbeartas uile, agus tionscnaimh shaincheaptha a ghlacadh in earnálacha straitéiseacha ag an am céanna.

Chuige sin, is é an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan a leagfaidh síos treo an taistil, rud a chuirfidh mé i láthair, má dheimhnítear m'ainmniúchán, sna chéad 100 lá den sainordú in éineacht leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch agus leis an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-nialasacht agus Fás Glan. Beidh sé ina chuid lárnach den Phlean Eorpach um Rathúnas níos leithne a leagadh amach i dTreoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin thoghaí von der Leyen. Mar atá leagtha amach ar bhealach níos mionsonraithe i mo fhreagra ar cheist 6, leagfar amach sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan gníomhaíochtaí le haghaidh na mblianta amach romhainn chun an tionscal a dhícharbónú, lena n-áirítear, i measc nithe eile, tríd an rómhaorlathas a laghdú, rochtain ar fhuinneamh inacmhainne agus ar amhábhair inacmhainne a áirithiú, éileamh agus margaí ceannais a chruthú, infheistíochtaí príobháideacha breise a shlógadh agus aghaidh a thabhairt ar chleachtais éagóracha trádála. Dá réir sin, beidh sé ina chumasóir straitéiseach agus an Eoraip ag dul i dtreo na haeráidneodrachta, trí thionscal níos iomaíche a bheith ann.

Beidh tábhacht mhór le rialáil níos fearr agus cur chun feidhme dícheallach le haghaidh creat rialála éifeachtúil simplithe, chomh maith le timpeallacht ghnó thacúil sa Mhargadh Aonair. Táim tiomanta do cheapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise agus a chuireann le hiomaíochas an Aontais. Déanfaidh mé scagadh ar an reachtaíocht atá faoi mo fhreagracht chun aon fhorluí a chur as an áireamh, chun an t-ualach a laghdú agus chun éascú a dhéanamh maidir leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as uirlisí digiteacha.

Chomh maith leis sin, ní mór dúinn díriú ar ár dtosaíochtaí beartais thionsclaíoch ionas go ndéanfaimid an infheistíocht phríobháideach a dhí-rioscú agus a shlógadh dár gcomhspriocanna. Mar atá leagtha amach ar bhealach níos mionsonraithe i mo fhreagra ar cheisteanna 4 agus 16, cothófar an méid sin go háirithe tríd an gCiste Eorpach um Iomaíochas, i gcomhthéacs an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil eile. Faoi láthair tá an infheistíocht san Eoraip ró-ilroinnte, agus tá bearna mhór infheistíochta ag an Aontas, maidir le huas-scálú i measc nithe eile. Deis is ea an chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile chun ár gcaiteachas a dhéanamh níos dírithe, níos simplí agus níos éifeachtaí, agus colún láidir iomaíochais ann. Ba cheart go n-éascódh sé rochtain gnólachtaí Eorpacha ar roghanna éagsúla cistiúcháin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh forbairt an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas ar na príomhthosaíochtaí a bheidh agam, agus oibreoidh mé go dlúth leis an gCoimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí, agus le comhaltaí eile den Choláiste, leis an bParlaimint agus leis an gComhairle freisin.

Mar atá leagtha amach i mo fhreagra ar cheist 10, beidh cur chun feidhme an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta agus an Ghnímh um Amhábhair Chriticiúla ríthábhachtach inár n-iarracht athléimneacht agus iomaíochas na hEorpa a mhéadú. Leis na hionstraimí sin, tugtar aghaidh ar ghnéithe tábhachtacha den iomaíochas tionsclaíoch, lena n-áirítear cuíchóiriú a dhéanamh ar cheadú, rochtain ar sholáthar slán amhábhar agus rochtain ar mhargaí. Is maith is eol dom an obair thábhachtach atá déanta ag an Teach seo i dtréimhse an tsainordaithe roimhe seo, agus oibreoidh mé chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad go tapa agus go gcuirfidh an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan leo agus le tionscnaimh ghaolmhara eile, STEP san áireamh.

Maidir le Dlí Aeráide an Aontais, molfaidh an Coimisiún, faoi cheannaireacht an Choimisinéara um an Aeráid, Glan-nialasacht agus Fás Glan, leasú chun sprioc maidir le glanlaghdú 90% ar astaíochtaí le haghaidh 2040 a chur san áireamh.

Mar atá leagtha amach i mo fhreagra ar cheist 4, cothóidh an Uirlis um Chomhordú Iomaíochais ailíniú na dtosaíochtaí infheistíochta ó Bhallstát go chéile agus ar an leibhéal Eorpach. Ba cheart di cur leis an obair a rinneadh le huirlisí atá ann cheana amhail an Tuarascáil bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas, agus an Seimeastar Eorpach. Ba cheart, dá réir sin, go spreagfadh torthaí an ailínithe sin roghanna na dtionscadal ilnáisiúnta, amhail na tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEInna) ar den ríthábhacht iad inár straitéis thionsclaíoch.

Ar an iomlán, is iad muintir na hEorpa is mó a bhainfidh tairbhe as na hiarrachtaí sin. Cuireann gnólachtaí nuálacha iomaíocha poist chobhsaí ardcháilíochta ar fáil, go díreach agus go hindíreach, i ngach réigiún. Le fás eacnamaíoch agus tionsclaíoch, cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit a múnlaí sóisialta a mhaoiniú. Leis an aistriú glas agus leis an aistriú glan, cuirtear feabhas ar a sláinte agus ar a bhfolláine. Is príomhchoinníollacha iad sin chun rathúnas ár sochaí agus ár mór-roinne a bhaint amach.

Dá réir sin, beidh baint ag scileanna láidre agus gné shóisialta leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, agus ní fhágfar aon duine ná aon áit ar lár ann. Aistriú cóir cothrom atá de dhíth orainn. Tacóidh mé le hobair an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht i dtreo Aontas na Scileanna a fhorbairt, treisiú a dhéanamh ar an uas-sciliú agus ar ghairmoiliúint atá saincheaptha don tionscal, agus uathaitheantas frithpháirteach cáilíochtaí. Cuirfidh mé an-bhéim ar an idirphlé sóisialta. Ní hamháin go gcruthaíonn sé níos mó úinéireachta ar an aistriú agus go nglacfar leis ar bhealach níos fearr dá bharr, ach bíonn na cinntí a dhéantar in éineacht le fostaithe agus lena n-ionadaithe níos inbhuanaithe freisin.

Maidir le costais fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh, beidh sé d'aidhm ag an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin freisin, is é sin tríd an bPlean Fuinnimh Inacmhainne a d'ullmhaigh an Coimisinéir um Fhuinneamh agus Tithíocht. Oibreoidh mé chun deimhin a dhéanamh de go laghdóidh sé praghsanna agus astaíochtaí $CO^2$ araon.

Agus ar deireadh, níl aon amhras ach nach mbainfimid iomaíochas fadtéarmach amach don Eoraip mura n-aistrímid ó bhreoslaí iontaise iompórtáilte i dtreo geilleagar glan iomaíoch ciorclach. Agus ba cheart go dtarlódh sé sin go práinneach.

*10. Cad iad na gníomhaíochtaí atá beartaithe agat chun an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla agus an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta a chur chun feidhme go héifeachtach chun iomaíochas na hEorpa a neartú? Cad iad na chéad chéimeanna eile ba cheart a bheith ann chun an reachtaíocht sin a thabhairt chun críche laistigh de raon feidhme níos leithne uathriail straitéiseach na hEorpa agus lasmuigh de? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat go háirithe na slabhraí luacha a bhaineann le NZIA a neartú agus éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn i gcomhthéacs an Ghnímh um Amhábhair Chriticiúla? Conas a rannchuideoidh tú le príomh-mhargaí a chruthú le haghaidh na teicneolaíochta glaine? Cad iad na gníomhaíochtaí eile a mholfaidh tú chun leas a bhaint as infheistíochtaí fadtéarmacha agus chun iomaíochas, athléimneacht agus neamhspleáchas thionsclaíocht an Aontais a neartú, lena n-áirítear táirgeadh i réimse na cosanta, agus samhail shóisialta na hEorpa á coinneáil ag an am céanna? Cad iad na bearta earnála agus cothrománacha atá beartaithe agat chun tacú le tionsclaíocht na hEorpa? Cad iad na critéir a bheidh agat chun leochaileachtaí sonracha na hEorpa in earnálacha áirithe a shainiú agus chun do ghníomhaíochtaí a threorú chun tionsclaíocht na hEorpa a chosaint ar iomaíocht éagórach sheachtrach? Cad iad na bearta nithiúla ba cheart a chur san áireamh sa phlean gníomhaíochta maidir le cruach agus miotail, dar leat? Cad iad na hearnálacha agus na teicneolaíochtaí ar cheart a chur san áireamh sna IPCEInna nua, dar leat, agus conas a thacódh sé sin le straitéis thionsclaíoch an Aontais agus le FBManna? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat rialacha soláthair phoiblí a athbhreithniú chun slándáil an tsoláthair a áirithiú agus chun tacú le húsáid táirgí Eorpacha in earnálacha agus teicneolaíochtaí straitéiseacha áirithe chun tairbhe na mBallstát uile? Cad iad na critéir a úsáidfidh tú chun na hearnálacha agus na teicneolaíochtaí straitéiseacha sin a shainaithint? Conas a chuirfidh tú leis an bplean gníomhaíochta d'earnáil na mótarfheithiclí? An bhfuil aon phleananna sonracha agat do PFAS?*

Leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta (NZIA) agus leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla (CRMA), táthar ag tabhairt aghaidh ar ghnéithe tábhachtacha den iomaíochas tionsclaíoch, lena n-áirítear an ceadú a chuíchóiriú, rochtain ar sholáthar slán amhábhar, athsciliú agus uas-sciliú lucht saothair na hEorpa, agus rochtain ar mhargaí. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoimid go mbainfear an méid seo a leanas amach leo: na hamlínte comhaontaithe maidir le ceadú, an chéad bhaisc de thionscadail straitéiseacha CRMA a roghnófar go luath in 2025, agus tacaíocht d'infheisteoirí poiblí agus príobháideacha chun gur féidir tús a chur leis na tionscadail sin. Oibreoidh mé freisin chun a áirithiú go nglacfar go tapa an reachtaíocht cur chun feidhme is gá chun go dtosóidh na Ballstáit ar chritéir uaillmhianacha neamhphraghais a chur i bhfeidhm sa soláthar poiblí agus i gceantanna fuinnimh in-athnuaite – rud atá tábhachtach mar an chéad chéim chun margaí tosaigh a chruthú don teicneolaíocht ghlan.

Déanfaimid maoirseacht ar Ardán Amhábhar Criticiúil a chur ar bun, agus cuirfimid na hacmhainní is gá ar fáil dó chun tacú le ceannach comhpháirteach agus chun stoc-chairn straitéiseacha a bhainistiú. Chun an chiorclaíocht a chur chun cinn, méadófar infhaighteacht agus glacadh na n-amhábhar tánaisteach le cur chun feidhme iomlán na mbeart maidir leis an in-athchúrsáilteacht agus le hábhair athchúrsáilte a áirítear sa CRMA agus sa reachtaíocht maidir le ceallraí agus leis an éicidhearthóireacht. Ach chun an dlaoi mhullaigh a chur ar chúrsaí, ní mór dúinn

fíormhargadh aonair a chruthú le haghaidh na dramhaíola agus na n-amhábhar tánaisteach, agus, mar atá tuairiscithe i mo fhreagra ar cheist 6, oibreoidh mé leis an gCoimisinéir um an gComhshaol, um Athléimneacht i réimse an Uisce agus um Gheilleagar Ciorclach Iomaíoch chun a áirithiú go mbainfear an méid sin amach leis an nGníomh um an nGeilleagar Ciorclach.

Chun an t-iomaíochas, an athléimneacht agus an uathriail straitéiseach oscailte a neartú ar bhonn níos leithne, ní mór dúinn na dálaí cearta a chur i bhfeidhm ionas go bhféadfaidh ár gcuideachtaí infheistíocht a dhéanamh, dícharbónú a dhéanamh agus éirí níos iomaíche. Chuige sin, cuideoidh mé chun Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan a chur chun cinn laistigh den chéad 100 lá de thréimhse an tsainordaithe, mar atá tuairiscithe faoi cheist 6.

Thairis sin, i gcomhréir leis an litir mhisin a cuireadh chugam, forbróimid straitéis chothrománach chun an Margadh Aonair a dhoimhniú agus deireadh a chur le bacainní chun cabhrú le cuideachtaí uas-scálú a dhéanamh, mar atá tuairiscithe a thuilleadh i mo fhreagra ar cheist 12, agus molfaimid Ciste Eorpach um Iomaíochas chun a áirithiú go n-infheisteoimid i dteicneolaíochtaí agus in earnálacha straitéiseacha, mar atá tuairiscithe i mo fhreagra ar cheist 16.

Tá sé ríthábhachtach leochaileachtaí sonracha na hEorpa a shainiú chun bonn eolais a chur faoin idirghabháil bheartais. Mar atá leagtha amach i mo fhreagra ar cheist 15, cuirfidh mé béim ar fhaireachán a dhéanamh ar rioscaí an tslabhra soláthair agus ar shuaitheadh a thuar, go háirithe trí dhíriú ar spleáchais straitéiseacha atá ann cheana agus a d’fhéadfadh a bheith ann, go háirithe ar thír amháin. Chun athléimneacht an tslabhra soláthair a chosaint, tabharfaimid tús áite do mheasúnuithe riosca ar fud éiceachórais chriticiúla amhail tionscail dianfhuinnimh, sláinte, cúrsaí digiteacha agus leictreonaic (amhail sliseanna, an teicneolaíocht chandamach, sár-ríomhairí agus an intleacht shaorga), fuinneamh in-athnuaite, feithiclí leictreacha, aeraspás agus cosaint. Cuirfidh mé lenár gcur chuige maidir le hamhábhair chriticiúla chun teacht ar na réitigh iomchuí.

Chun cothroime iomaíochta idirnáisiúnta a áirithiú agus chun tionscal na hEorpa a chosaint go héifeachtach ar iomaíocht éagórach sheachtrach, beidh gá le bosca uirlisí iomlán an bheartais trádála agus iomaíochta a úsáid, amhail forfheidhmiú córasach ionstraimí cosanta trádála, agus iad a threisiú más gá ar bhealach atá comhlíontach leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Tá roinnt táirgí teicneolaíochta glaine a chuireann le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip cumhdaithe cheana féin le bearta cosanta trádála, lena n-áirítear túir ghaoithe chruach agus rothair leictreacha, chomh maith le feithiclí ceallra-leictreacha le déanaí. Ní mór ár mbeartas trádála a ailíniú lenár mbeartas tionsclaíoch.

Ó thaobh bearta earnálacha de, forbróidh mé plean gníomhaíochta tiomnaithe maidir le cruach agus miotail ina leagfar amach bearta misniúla chun dul i ngleic leis na riachtanais is práinní agus chun inmharthanacht fhadtéarmach na hearnála a áirithiú, trí chur le toradh an Idirphlé maidir leis an Aistriú Glan agus na Conaire Aistrithe Miotal. Ba cheart don phlean gníomhaíochta dul i ngleic le héifeachtaí diúltacha na ró-acmhainneachta domhanda agus na bpraghsanna arda fuinnimh. Ba cheart dó a áirithiú freisin go gcuirfidh an beartas trádála a thuilleadh le hiomaíochas agus dícharbónú fadtéarmach an tionscail.

Ag an am céanna, in éineacht leis an gCoimisinéir um Iompar Inbhuanaithe agus um an Turasóireacht, oibreoimid ar phlean gníomhaíochta láidir don tionscal mótarfheithiclí, earnáil ina bhfuil aistrithe móra á ndéanamh i dtreo feithiclí leictreacha agus uathrialacha. Tá go leor fadhbanna rompu, lena n-áirítear costais arda táirgthe, ró-acmhainneachtaí i dtríú tíortha, agus éileamh atá ag lagú. Ní mór dúinn i bhfad níos mó a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin chun tacaíocht leanúnach a áirithiú don slabhra ceallraí agus don slabhra soláthair foriomlán agus chun creat comhleanúnach a chur i bhfeidhm don tionscal mótarfheithiclí, lena n-áirítear digitiú an tionscail. Fágann sé sin freisin nach mór an creat cineálcheadaithe le haghaidh mótarfheithiclí a thabhairt cothrom le dáta chun gur féidir feithiclí uathrialaitheacha a chur in úsáid agus chun leas níos fearr a bhaint as acmhainneacht eacnamaíoch sonraí feithiclí.

Tá sé cruthaithe gur údar spreagtha don infheistíocht is ea IPCEInna, lena slógtar os cionn €100 billiún in earnálacha straitéiseacha amhail micrileictreonaic, ceallraí, hidrigin, néalríomhaireacht agus sláinte. Is é an tosaíocht a bheidh agam oibriú leis na Ballstáit chun na teicneolaíochtaí cearta a shainaithint le haghaidh IPCEInna amach anseo. Chuir an Coimisiún an Fóram Comhpháirteach Eorpach ar bun i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus tá dianphlé ar siúl ann. Tá roinnt teicneolaíochtaí a bhfuil gealladh fúthu tagtha chun cinn, amhail ardábhair le haghaidh na teicneolaíochta glaine, an intleacht shaorga, nó teicneolaíochtaí fuinnimh núicléach. Dhéanfainn mo dhícheall, in éineacht leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch, dlús a chur leis an obair sin chun tograí IPCEI nua a bhaint amach, agus déanfaidh mé machnamh ar an mbealach is fearr chun leas a bhaint as buiséad an Aontais le tacú le IPCEInna mar chuid den Chiste Eorpach um Iomaíochas amach

anseo. Oibreoidh mé freisin leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch agus leis na Ballstáit chun go bhféadfar IPCEInna nua a fhógairt agus a fhormheas go tapa.

Sásra tábhachtach eile a bheidh sa soláthar poiblí chun margaí tosaigh a chruthú i leith teicneolaíochtaí glana agus straitéiseacha. Mar atá leagtha amach ar bhealach níos mionsonraithe faoi cheist 14, tá sé beartaithe agam athbhreithniú a ullmhú ar an Treoir maidir le Soláthar Poiblí lena dtabharfar tús áite don athléimneacht in earnálacha agus teicneolaíochtaí straitéiseacha áirithe.

Maidir le PFAS, chun soiléireacht a thabhairt maidir le srian REACH ar PFAS, féachaigí an freagra a thug mé ar cheist 8.

Ar deireadh, agus mé ag obair chun feabhas a chur ar an iomaíochas tionsclaíoch agus ar an rathúnas tionsclaíoch, ní dhéanfaidh mé dearmad ar chuspóirí sochaíocha agus domhanda sa chomhthéacs níos leithne. Má chuirtear na bearta iomaíochais i gcrích mar is ceart, féadfaidh siad a bheith ina gcumasóir straitéiseach don aistriú aeráide agus chun poist ardcháilíochta a chruthú.

*11. Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna rialála a dhéanann difear do chuideachtaí, go háirithe FBManna, lena n-áirítear nuair a bhíonn siad ag oibriú thar theorainneacha? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat a áirithiú go mbainfidh FBManna tairbhe as an treochlár um neamhspleáchas straitéiseach? Cad iad na hiarmhairtí dlíthiúla a bheidh ag catagóir nua cuideachtaí meánchaipitlithe beaga a thabhairt isteach i reachtaíocht an Aontais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo? Cad iad na critéir a bheidh ann chun cuideachtaí meánchaipitlithe beaga a shainiú? An sainmhíniú dlíthiúil ceangailteach ar leithligh a bheidh ann nó an leathnófar catagóirí dlíthiúla atá ann cheana (e.g. Sainmhíniú an Aontais ar FBM) chun an chatagóir nua seo a chur san áireamh? Cad iad na pleananna nithiúla atá agat chun príomhthosaíochtaí polaitiúla a dhéanamh de luas, comhleanúnachas agus simpliú chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus chun cur chun feidhme, tuairisciú agus ceadú a shimpliú? Conas a chuirfidh tú an 'seiceáil nua FBM agus iomaíochais' chun feidhme go nithiúil?*

Is iad fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide cnámh droma gheilleagar an Aontais. Is gá cuidiú leo fás agus éirí níos táirgiúla ar mhaithe le hiomaíochas fadtéarmach an Aontais.

Bíonn tionchar ar leith ag an ualach rialála ar FBManna, i bhfianaise go mbíonn acmhainní teoranta acu de ghnáth le haghaidh cúraimí riaracháin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé chun pas tiomnaithe FBM a chruthú chun an t-ualach riaracháin agus na costais riaracháin a laghdú trí stádas cuideachta mar FBM a dheimhniú ar bhealach simplí, agus ar an gcaoi sin am agus acmhainní a shaoradh dá gcuid gnó. D'fhágfadh sé freisin gurbh fhusa do na húdaráis phoiblí próiseáil agus láimhseáil a dhéanamh.

In éineacht leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta, d'oibreoimis chun an 28ú córas a fhorbairt, mar a thugtar air, chun cabhrú le cuideachtaí nuálacha fás agus tairbhe a bhaint as sraith rialacha níos simplí agus níos comhchuibhithe ar fud an Aontais. I gcomhréir leis na treoirlínte polaitiúla, cuirfear gné an Mhargaidh Aonair leis an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta, ina bhféachfar ar shaincheisteanna a dhéanann difear do chuideachtaí, go háirithe FBManna a bhíonn ag oibriú thar theorainneacha.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, in éineacht leis an gCoimisinéir um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus um Thaighde agus Nuálaíocht, seolfaimid Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht agus Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú chun ár gcreat rialála a chuíchóiriú agus chun rochtain ar chaipiteal fiontair a éascú do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú.

Tá FBManna ríthábhachtach freisin chun uathriail straitéiseach oscailte a bhaint amach, ós rud é go bhfuil ról lárnach acu maidir le slabhraí soláthair athléimneacha éagsúlaithe a thógáil. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoidh mé gur féidir le FBManna tairbhe a bhaint as tacaíocht thiomnaithe agus iarrachtaí tiomnaithe chun infhaighteacht ionchur criticiúil a áirithiú, rud atá ríthábhachtach dá n-athléimneacht.

Tá tábhacht mhór le luas, comhleanúnachas agus simpliú dhlíthe an Aontais, chomh maith le rochtain éasca ar ionstraimí maoinithe an Aontais, chun buntáiste iomaíoch na hEorpa a fháil ar ais agus tabharfar tús áite dóibh i mo shainchúraimí. Dá bhrí sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuirfidh mé béim ar an ualach a laghdú, cuir i gcás oibleagáidí tuairiscithe agus costais riaracháin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé freisin ar bhealach coláisteach le Comhaltaí eile den Choláiste, agus go háirithe leis an gCoimisinéir um Chur Chun Feidhme

agus Simpliú, chun tástáil struis a dhéanamh ar *acquis* an Mhargaidh Aonair agus chun tograí a dhéanamh chun deireadh a chur le haon fhorluí agus contrárthachtaí agus chun bheith go hiomlán comhoiriúnach go digiteach, agus ardchaighdeáin á gcoinneáil ag an am céanna.

Mar a scríobhadh sa litir mhisin a cuireadh chugam, is mise a bheidh i gceannas ar an obair chun sainmhíniú a thabhairt isteach ar chatagóir nua de chuideachtaí meánchaipitlithe beaga, bunaithe ar líon na bhfostaithe chomh maith leis an ioncam airgeadais, rud a d'fhéadfadh, dá réir sin, cur ar a chumas don Choimisiún agus do na comhreachtóirí rialacha tiomnaithe a ghlacadh le haghaidh cuideachtaí meánchaipitlithe beaga den sórt sin mar a bhféadfadh údar cuí a bheith leis.

Ina theannta sin, tá sé i gceist agam leas iomlán a bhaint as caighdeánú agus digitiú ionas gur digiteach a bheidh an fhaisnéis mar réamhshocrú agus nach gcuirfear isteach ach uair amháin í, rud a chruthóidh timpeallacht rialála lena ndéanfar simpliú agus cuíchóiriú, ó thuairisciú go deonú ceadanna. Tá sé ríthábhachtach comhlíontacht a éascú agus is féidir linn an méid sin a bhaint amach trí aistriú ó shreafaí faisnéise atá bunaithe ar dhoiciméid go sreafaí faisnéise atá bunaithe ar shonraí. Ina thaobh sin, féachfaidh mé le huirlisí digiteacha cliste a ghiaráil a thuilleadh le haghaidh an Ríomhshonrasctha, an Phas Táirge Dhigitigh, agus na Tairsí Aonair Digití.

Ní mór dár mbeartais an t-iomaíochas a chur chun cinn agus riachtanais FBManna a chur san áireamh. Ar deireadh, leis an tseiceáil nua maidir le FBManna agus iomaíochas, ar a n-oibreoidh mé leis an gCoimisinéir um Chur Chun Feidhme agus Simpliú má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuideofar linn reachtaíocht a bheidh ann amach anseo a cheapadh ar bhealach a chuirfidh borradh faoi iomaíochas chuideachtaí an Aontais, lena n-áirítear iomaíochas FBManna, agus a sheachnóidh ualaí nach bhfuil gá leo, agus ardchaighdeáin á gcoinneáil ag an am céanna.

Ar an gcéad dul síos, beidh an tseiceáil nua maidir le hiomaíochas, rud a ghabhfaidh leis na measúnuithe tionchair uile, bunaithe ar shraith eochairtháscairí, lena n-áirítear iomaíochas costais/praghais, iomaíochas idirnáisiúnta, an cumas nuálaíochta agus an tionchar ar iomaíochas FBManna. Áireofar ann anailís níos doimhne ar thionchair togra, agus folláine na n-earnálacha is mó dá ndéanann an iomaíocht idirnáisiúnta difear agus atá ábhartha don togra á cur san áireamh. A mhéid a shainaithnítear saincheisteanna iomaíochais earnála, léireofar leis an tseiceáil freisin na bearta maolaithe is gá.

Ar an dara dul síos, neartóimid gné FBM ár n-anailíse a thuilleadh le seiceáil nua ar FBManna. Leis an tseiceáil nua sin, breithneoidh an Coimisiún riachtanais FBManna feadh an timthrialla beartais, go háirithe ag na chéad chéimeanna den phróiseas ceaptha beartais. Déanfaidh an Coimisiún anailís thiomnaithe freisin ar na tionchair ar FBManna ina meastóireachtaí agus ina seiceálacha oiriúnachta uile. Cuirfidh an measúnú cúlghabhálach sin ar ár gcumas ceachtanna luachmhara a fhoghlaim chun an t-ualach a laghdú agus a shimpliú do bheartais a bheidh ábhartha do FBManna amach anseo.

Creidim féin go bhfuil sé ríthábhachtach gné na FBManna a mheas go córasach ag gach céim den phróiseas cinnteoireachta. Ní dhéantar breithniú leordhóthanach faoi láthair ar na tionchair charnacha ná indíreacha a bhaineann le togra, trí éifeachtaí síothlaithe sa slabhra luacha chomh maith lena thionchar ar dhinimic an mhargaidh. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, táim réidh le comhoibriú leis an bParlaimint, leis an gComhairle agus le páirtithe leasmhara eile chun a áirithiú go dtacófar le FBManna leis na bearta a bhaineann leo agus nach gcuirfidh siad ualach díréireach orthu.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra</u>

*12. Ina treoirlínte polaitiúla don téarma nua seo agus ina litir mhisin chugat, cuireann Uachtarán an Choimisiúin i bhfios go láidir gur príomhcholún de chuid an Aontais é an Margadh Aonair agus go bhfuil gá le móiminteam nua chun é a dhoimhniú, go háirithe in earnáil na seirbhísí a bhfuil go leor bacainní fós ann, chun rathúnas an Aontais a áirithiú. I réimsí na saorghluaiseachta seirbhísí agus earraí, cad iad na gníomhaíochtaí, lena n-áirítear bearta reachtacha, a bhfuil sé i gceist agat tabhairt fúthu agus conas a rannchuideodh an Straitéis nua don Mhargadh Aonair leis an móiminteam nua sin a bhaint amach, leis an Margadh Aonair a chomhtháthú tuilleadh, le bacainní gan údar, ualaí riaracháin agus oibleagáidí tuairiscithe a laghdú, agus ag an am céanna tomhaltóirí a chumhachtú agus a chosaint, fiontraíocht a chur chun cinn, agus AE a dhéanamh iomaíoch ar fud an domhain sna blianta amach romhainn? Conas a dhéanann tú foráil maidir le sábháilteacht táirgí agus iomaíocht chóir sa Mhargadh Aonair a mhéadú i ndáil le táirgí de thionscnamh tríú tíortha, agus aghaidh á tabhairt freisin ar ardáin ríomhthráchtála tríú tíortha a chuireann brú ar an Aontas le táirgí nach gcomhlíonann caighdeáin an Aontais go minic agus custaim á seachaint ag an am céanna?*

Is acmhainn é an Margadh Aonair nach mbaintear tairbhe go leor aisti. Agus an tuarascáil a chuir Enrico Letta i láthair le déanaí, tá sí soiléir: tá sé ríthábhachtach d'iomaíochas na hEorpa Margadh Aonair fíor-chomhtháite a chruthú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, déanfaidh mé mo dhícheall an Margadh Aonair a dhoimhniú d'fhonn borradh a chur faoi tháirgiúlacht na hEorpa, tacú lenár rathúnas agus lenár ngeilleagar sóisialta margaidh, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach go cóir, agus cothroime iomaíochta a áirithiú gan aon duine a fhágáil ar lár.

Dá bhrí sin, forbróidh mé Straitéis don Mhargadh Aonair, faoi mhí an Mheithimh 2025, chun móiminteam nua a chruthú do Mhargadh Aonair nuachóirithe le haghaidh earraí agus seirbhísí, bunaithe ar fhíorais agus ar riachtanais gnólachtaí, oibrithe agus saoránach. Déanfaidh mé mo dhícheall na bacainní rialála agus riaracháin atá ann cheana a bhaint agus bacainní nua a chosc, agus Margadh Aonair dea-fheidhmiúil á áirithiú agus cóineasú aníos á chur chun cinn ag an am céanna. Ina theannta sin, is é is tosaíocht dom an creat reachtach a shimpliú, an chomhlíontacht a éascú agus cur chun feidhme ceart a áirithiú ó Bhallstát go chéile. Beidh mo chuid oibre faoi threoir ceithre phríomhthosaíocht:

Ar an gcéad dul síos, cosc: Breithneoidh mé an gá atá le Gníomh um Chosc ar Bhacainní ar an Margadh Aonair, mar atá mínithe a thuilleadh i mo fhreagra ar cheist 13, agus é d'intinn agam an córas fógartha a neartú.

Ar an dara dul síos, comhoibriú: Cuirfidh mé feabhas ar an obair chumhachtach leis na Ballstáit sa Tascfhórsa um Fhorfheidhmiú an Mhargaidh Aonair agus i ngréasán SOLVIT chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní nithiúla a bhíonn roimh shaoránaigh agus gnólachtaí. Cé go bhfuil torthaí nithiúla bainte amach cheana féin lenár n-iarrachtaí comhpháirteacha leis na Ballstáit, tá gá le tuilleadh iarrachtaí agus rannpháirtíocht pholaitiúil chun deireadh a chur leis na bacainní atá fós ann a dhéanann dochar d'iomaíochas ár bhfiontar.

Ar an tríú dul síos, an digitiú: Cuirfidh mé an coincheap 'digiteach mar réamhshocrú' chun cinn, agus aird ar leith á tabhairt ar an idir-inoibritheacht agus ar phrionsabal na haonuaire. Déanfar comhlíonadh na n-oibleagáidí riachtanacha tuairiscithe a shimpliú de réir mar a dhéanaimid dul chun cinn san aistriú ó shreafaí faisnéise atá bunaithe ar dhoiciméid go sreafaí faisnéise atá bunaithe ar shonraí agus úsáid mhéadaithe uirlisí digiteacha cliste.

Ar an gceathrú dul síos, forfheidhmiú: Ba cheart bearta ceartaitheacha a chur i bhfeidhm i gcás inar gá chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar an Margadh Aonair agus chun cur chun feidhme ceart rialacha an Aontais a áirithiú. Ina thaobh sin, creidim gur cheart dúinn machnamh a dhéanamh ar conas gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a spreagadh ar bhealach níos gasta i gcás ina bhfuil cuideachtaí agus saoránaigh i mbaol a bheith thíos le hiarmhairtí suntasacha eacnamaíocha mar gheall ar na Ballstáit gan rialacha an Aontais a chomhlíonadh.

Freagracht chomhpháirteach is ea ár rialacha comhchoiteanna a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, beidh sé ina thosaíocht mhór agam oibriú go dlúth leis na Ballstáit agus le Parlaimint na hEorpa freisin.

Is amhlaidh a bheidh freisin i réimsí na seirbhísí, mar is den ríthábhacht iad na seirbhísí dár n-iomaíochas eacnamaíoch agus dár rathúnas eacnamaíoch. 70% d'OTI agus de phoist an Aontais atá sna seirbhísí agus tá siad ríthábhachtach do thionscail déantúsaíochta an Aontais. Mar sin féin, tá an Margadh Aonair do sheirbhísí fós ag feidhmiú faoi bhun na hacmhainneachta a d'fhéadfadh a bheith ann. In go leor earnálacha, tá 27 margadh againn seachas ceann amháin. Níl a oiread céanna deiseanna ann do chuideachtaí dá bharr sin, ná a oiread céanna deiseanna chun uas-scálú. Sin an fáth, má dheimhnítear m'ainmniúchán, go mbeidh sé ina thosaíocht agam dul i ngleic le bacainní riaracháin do sholáthraithe seirbhíse an Aontais, agus aird ar leith á tabhairt ar réigiúin trasteorann.

Ina thaobh sin, is mian liom breathnú ar ghairmeacha rialaithe freisin. Sa lá atá inniu ann, tá rochtain ar go leor gairmeacha agus cleachtadh na ngairmeacha sin faoi réir ceanglais rialála chun tomhaltóirí agus cuspóirí leas an phobail a chosaint. Tá os cionn 5,500 gairm rialaithe san Aontas ach ní ach i gcúpla Ballstát a rialaítear go leor acu, rud a thugann le fios go bhféadfadh modhanna eile a bheith ann nach bhfuil an t-ualach céanna ag baint leo chun leasanna an phobail a chosaint. I gcás ina ndéantar gairmeacha a rialú, is é an cuspóir atá agam gur tapúla agus gur simplí a bheidh sé cáilíochtaí a aithint thar theorainneacha, trí thacú le digitiú agus uathoibriú na bpróiseas freisin, agus cearta oibrithe á gcosaint ag an am céanna. Cuirfidh sé sin feabhas ar shoghluaisteacht gairmithe cáilithe laistigh den Mhargadh Aonair agus cuirfidh sé ar a gcumas do dhaoine dul i mbun oibre go tapa nó seirbhísí a sholáthar a bhfuil siad cáilithe ina leith. Chun an méid sin a bhaint amach, rachaidh mé i gcomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht chun oibriú ar an Tionscnamh um Inaistritheacht Scileanna.

Sa Mhargadh Aonair, tá sé riachtanach gan ach táirgí barántúla sábháilte a thairiscint do shaoránaigh an Aontais. Mar sin féin, téann an iomarca táirgí nach gcomhlíonann ár gcaighdeáin isteach inár margadh gan bhac. Is eol dom go háirithe go bhfuil méadú tagtha ar ábhair imní agus ar chalaois mar gheall ar an méadú atá tagtha ar an ríomhthráchtáil agus ar dhíolacháin dhíreacha le tomhaltóirí an Aontais trí mhargaí ar líne tríú tíortha, rudaí atá níos deacra agus níos costasaí a rialú maidir le comhlíonadh. Chun dul i ngleic leis na dúshláin sin, tá gá le hiarrachtaí ó roinnt Comhaltaí den Choimisiún. Dá bhrí sin, oibreoidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas, chun dul i ngleic go héifeachtach agus go pras le dúshláin a bhaineann le sábháilteacht táirgí agus leis an ríomhthráchtáil.

Ní mór a lán uirlisí éagsúla a úsáid le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Beidh ról tábhachtach ag údaráis chustaim agus chánach, in éineacht le húdaráis um fhaireachas margaidh. Tugtar tús áite d'fhorfheidhmiú an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha i leith margaí ar líne nach bhfuil ag cloí lenár rialacha, agus leanfar de thús áite a thabhairt dó sin. Ina theannta sin, leis an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí a glacadh le déanaí agus leis an Rialachán maidir le Faireachas Margaidh, cuirtear oibleagáidí nua ar fáil a bhaineann go sonrach le sábháilteacht táirgí le haghaidh margaí ar líne, amhail orduithe baint anuas. I gcomhar leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta, tacóidh mé le forfheidhmitheoirí náisiúnta chun a chinntiú nach dtairgtear ach táirgí sábháilte do thomhaltóirí an Aontais ar líne agus as líne araon.

Agus an méid sin uile idir lámha againn, ní mór dúinn timpeallacht a chinntiú ina mbeidh ardáin bheaga ríomhthráchtála Eorpacha in ann dul chun cinn a dhéanamh agus dul san iomaíocht ar bhonn cothrom le hardáin ríomhthráchtála nach den Aontas iad. Dá bhrí sin, ní mór dúinn timpeallacht chumasúcháin a chruthú gan ilroinnt ná dúbailt rialacha.

*13. Maidir leis an litir mhisin ó Uachtarán an Choimisiúin, cad atá beartaithe agat maidir le hábhar agus uainiú féideartha na mbeart sonrach a léirítear inti, go háirithe i ndáil leis an nGníomh um Chosc ar Bhacainní ar an Margadh Aonair, leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas, le pas FBM, leis an Tairseach Aonair Dhigiteach, leis an nGníomh um an nGeilleagar Ciorclach, agus leis an meastóireacht ar Rialachán an Aontais um Chaighdeánú? Conas a fhorbróidh tú go nithiúil an Straitéis nua don Mhargadh Aonair? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat dul i dteagmháil leis an gCoiste IMCO agus lena Mheithleacha, faoi chuimsiú a ghníomhaíochtaí grinnscrúdaithe, chun an Coiste a choinneáil cothrom le dáta ar bhealach trédhearcach, rialta agus tráthúil maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta reatha, na tionscnaimh atá le teacht, lena n-áirítear iad siúd a luaitear sa litir mhisin, agus torthaí na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin sa Mhargadh Aonair le haghaidh seirbhísí agus earraí ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, déanfaidh mé mo dhícheall a chinntiú go gcuirfear creat láidir simplí nua-aimseartha don Mhargadh Aonair i gcrích, rud lena gcumhachtófar tomhaltóirí agus cuideachtaí araon. Mar chuid den Straitéis don Mhargadh Aonair, cuirfidh an Coimisiún gníomhaíochtaí nithiúla i láthair chun soláthar trasteorann seirbhísí agus gluaiseacht trasteorann earraí a chur chun cinn. Díreoidh mé mo chuid iarrachtaí ar na bacainní atá ann cheana a bhaint agus cosc a chur ar chinn nua a chruthú. Is freagracht chomhroinnte de chuid an lucht riaracháin Eorpaigh, náisiúnta agus réigiúnaigh é an leas is fearr is féidir a bhaint as an Margadh Aonair agus a scála a ghiaráil. Rachaidh mé i mbun idirphlé cuiditheach le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle. Agus mé ag obair go dlúth leis na páirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta agus ionadaithe tionscail, beidh sé d'aidhm agam an Straitéis seo a chur i gcrích faoi mhí Meithimh na bliana seo chugainn.

Agus ár n-uirlisí trédhearcachta á dtreisiú, tá sé de rún agam na measúnuithe coisctheacha ar rialacháin náisiúnta nua a neartú a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an Margadh Aonair, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar an ngá atá le Gníomh um Chosc ar Bhacainní ar an Margadh Aonair. Is féidir leas iomlán a bhaint as beart coisctheach ach na hionstraimí trédhearcachta atá ann cheana a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr. Óna thaobh sin de, beidh sé ríthábhachtach na bearnaí sna sásraí fógartha atá ann cheana a dhúnadh, rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí a neartú, agus measúnuithe comhréireachta níos déine a fhorchur le haghaidh tionscnaimh rialála nua. I gcás ina dteipeann ar an gcosc, ní bheidh aon drogall orm tús a chur le himeachtaí um shárú.

Mar atá mínithe i mo fhreagra ar cheist 11, ceann de na chéad tosaíochtaí a bheidh agam ná pas tiomnaithe FBM a chruthú chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus am agus acmhainní a shaoradh do ghnólachtaí agus chun gur fusa a bheidh sé do na húdaráis phoiblí próiseáil agus láimhseáil a dhéanamh, e.g. i ndáil leis an iarratas ar chistiú, comhlíontacht rialála, nó díolúintí ó cheanglais dhlíthiúla amhail oibleagáidí tuairiscithe.

Mar atá leagtha amach i mo fhreagra ar cheist 6, in éineacht leis an gCoimisinéir um an gComhshaol, um Athléimneacht i réimse an Uisce agus um Gheilleagar Ciorclach Iomaíoch, oibreoidh mé ar an nGníomh um an

nGeilleagar Ciorclach a mholadh chun margadh aonair dea-fheidhmiúil a bhunú le haghaidh dramhaíola agus ábhair thánaisteacha.

Tá sé beartaithe an mheastóireacht ar an Rialachán um Chaighdeánú a thabhairt chun críche go luath in 2025. Bunaithe ar an bhfianaise a bailíodh, déanfaidh mé a mheas go cúramach an bhfuil gá le hathbhreithnithe rialála agus an bhfuil an córas atá ann faoi láthair in ann freastal ar riachtanais beartas agus thionsclaíocha an Aontais. Ní mór dúinn caighdeáin theicniúla a bhaint amach, go háirithe maidir leis na riachtanais reachtacha a ghabhann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach i dtírdhreach geopholaitiúil atá ag athrú. Cuirfear tionchar dhlí-eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa le hocht mbliana anuas san áireamh sa mhachnamh sin freisin, chomh maith leis na riachtanais fhoriomlána simpliúcháin, a bhféadfadh cur chuige nua a bheith ag teastáil ina leith maidir leis an gcaoi a n-oibrímid lenár bpáirtithe leasmhara ar chaighdeáin, agus na léargais thábhachtacha eacnamaíocha agus theicniúla a ghabhann lenár bpróiseas rannpháirtíochta á gcosaint ag an am céanna. Ba bhuntáiste tábhachtach de chuid na hEorpa é an caighdeánú san am a chuaigh thart, agus is é an rún atá agam ár seasamh mar bhunaitheoir caighdeán domhanda a choinneáil agus a fhorbairt.

Maidir leis an Tairseach Aonair Dhigiteach, tá sí ar na tionscnaimh ríomhrialtais is uaillmhianaí de chuid an Aontais. Cuireann sí rochtain ar fáil ar fhaisnéis iontaofa, ar nósanna imeachta riaracháin digiteacha agus ar sheirbhísí cúnaimh. Laghdaíonn sí an t-ualach riaracháin trí dhigitiú agus digiteáil an riaracháin phoiblí a éascú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí na hEorpa, trí phointe rochtana cuimsitheach ar líne a chur ar fáil dóibh agus iad ag iarraidh obair, staidéar a dhéanamh, nó feidhmiú i dtír eile den Aontas. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, déanfaidh mé é a threisiú a thuilleadh agus tabharfaidh mé tús áite do chur i bhfeidhm iomlán an Chórais Theicniúil Aonuaire trí thacú le níos mó ná 80,000 riarachán poiblí a ionduchtú sna Ballstáit agus trína áirithiú go mbeidh na nósanna imeachta riaracháin uile faoina raon feidhme ar fáil.

Geallaim – agus beidh sé de phléisiúr agam – bealach cumarsáide díreach a thógáil agus a chothabháil libhse agus le bhur meithleacha ábhartha, agus lánurraim á tabhairt don Chreat-Chomhaontú maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach agus ag gach céim den phróiseas cinnteoireachta. Mar atá leagtha síos i mo fhreagra ar cheist 2, beidh mo chuid ball foirne uile ar fáil freisin ar feadh thréimhse an tsainordaithe, agus sreabhadh eolais dhá threo i bhfeidhm againn. Tabharfaidh mé cuireadh do rapóirtéirí, scáth-rapóirtéirí nó príomhchomhaltaí i réimsí sonracha chuig seisiúin oibre chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní agus chun smaointe a ghlacadh a thagann go díreach óna gcuid oibre parlaimintí agus óna dtoghcheantar.

*14. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat do mhisean sannta a bhaint amach maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na Treoracha maidir le Soláthar Poiblí chun leas a bhaint as acmhainneacht an tsoláthair phoiblí ar mhaithe le margadh aonair an Aontais, agus saoránaigh agus gnólachtaí an Aontais, FBManna ina measc, chun feabhas a chur ar an iomaíochas, lena n-áirítear iomaíochas digiteach an Aontais, agus chun iomaíocht chóir agus slándáil an tsoláthair a áirithiú le haghaidh teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí ríthábhachtacha áirithe? Cad iad na teicneolaíochtaí agus na hearnálacha a mheasann tú a bheith straitéiseach agus, dá bhrí sin, a éilíonn idirghabháil trí sholáthar poiblí agus cad iad na réitigh ba cheart a chur i bhfeidhm, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le cothrom iomaíochta agus comhionannas deiseanna a choinneáil do chuideachtaí an Aontais ar fud an Mhargaidh Aonair? Cén uair a mheasann tú go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat soláthair phoiblí, agus an bhfuil sé beartaithe agat é a athbhreithniú trí rialacháin AE seachas trí threoracha AE?*

Tá ról ríthábhachtach ag an soláthar poiblí maidir le margaí tosaigh a chruthú, i.e. éileamh ar tháirgí nuálacha, inbhuanaithe agus athléimneacha. Tá sé Threoir agus fhoráil ar a laghad san *acquis* atá ann faoi láthair ar fud na scórtha píosaí reachtaíochta earnálacha. Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, tabharfaidh mé faoin athbhreithniú ar threoracha reatha an Aontais maidir le soláthar poiblí mar atá léirithe sa litir mhisin a cuireadh chugam agus mar a d’fhógair an tUachtarán toghaí von der Leyen ina treoirlínte polaitiúla.

Leis an athbhreithniú ar an gcreat reachtach, féachfar le leas breise a bhaint as acmhainneacht ollmhór an tsoláthair phoiblí chun geilleagar na hEorpa a mhúnlú, margaí tosaigh a chruthú, agus fás agus athléimneacht a ghiaráil do chuideachtaí Eorpacha, agus poist ardcháilíochta á gcruthú ar an dóigh sin. Tá sé beartaithe agam nuachóiriú ar na rialacha a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar thrí phríomhréimse: 1) ról straitéiseach an tsoláthair phoiblí trí cheanglais cháilíochtúla, go háirithe ó thaobh na hinbhuanaitheachta, na sochaí, na hathléimneachta agus na cibearshlándála de; 2) breisluach AE an tsoláthair phoiblí dár saoránaigh trí shlándáil an tsoláthair le haghaidh teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí straitéiseacha, lena n-áirítear i gcás éigeandála, agus 3) trí na sásraí atá ann faoi láthair a shimpliú, go háirithe agus gnólachtaí nuathionscanta agus nuálaithe an Aontais á gcur san áireamh, agus na húdaráis áitiúla chomh maith.

Is deis é an t-athbhreithniú ar na Treoracha maidir le Soláthar Poiblí chun athmhachnamh a dhéanamh ar an soláthar poiblí agus teicneolaíochtaí digiteacha á gcur san áireamh. Ní hamháin maidir leis an gcaoi a n-úsáidimid na teicneolaíochtaí sin chun na próisis a shimpliú agus dlús a chur leo, ach maidir leis an gcaoi ar féidir linn dlús a chur le glacadh táirgí agus teicneolaíochtaí nuálacha chomh maith. Ba mhian liom an deis a thapú aird a tharraingt ar an Spás Sonraí Soláthair Phoiblí, rud atá ag tabhairt cumhachta do cheannaitheoirí poiblí agus do ghnólachtaí, ó mhí Mheán Fómhair na bliana seo, feabhas a chur ar an gcinnteoireacht trí leas a bhaint as ardanailísíocht sonraí agus uirlisí digiteacha.

Chun go mbeifear in ann athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh ar bhealach atá i gcomhréir le prionsabail na Rialála Níos Fearr, chomh maith le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, ní mór dhá phríomhchéim a chomhlíonadh. Ar an gcéad dul síos, meastóireacht a dhéanamh ar an gcreat atá ann faoi láthair. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, geallaim go ndéanfaidh mé meastóireacht chríochnúil ar na Treoracha atá ann faoi láthair maidir le Soláthar Poiblí, i gcomhréir leis na hiarrataí ón gComhairle agus ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Le comhairliúchán poiblí críochnúil, beimid in ann gnéithe contrártha, buntáistí agus dúshláin an chreata reatha a shainaithint, rud a chuirfidh lenár machnamh ar réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú agus a shimpliú. Ar an dara dul síos, breithneofar i measúnú tionchair aon ualach airgeadais nó riaracháin a thiteann ar chrann na saoránach, na bhfiontar nó na gceannaitheoirí poiblí.

Sa chéim thosaigh sin, ba mhaith liom bhur dtuairimí a chloisteáil mar thosaíocht, agus dul i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla, arb iad na chéad úsáideoirí den soláthar poiblí iad, chun cur lenár dtogra.

D'fhonn na teicneolaíochtaí agus na hearnálacha straitéiseacha a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta, i gcomhréir leis an ráiteas ón Uachtarán toghaí gur san Eoraip nach mór todhchaí ár rathúnais a dhéanamh, cuirfimid roinnt tosca san áireamh: na hearnálacha agus na teicneolaíochtaí a shainaithnítear sa reachtaíocht earnálach atá ann cheana, mar shampla an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta agus an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe, agus i dtionscnaimh atá ar na bacáin amhail an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus an Gníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch, ach critéir freisin amhail athléimneacht na slabhraí soláthair, slándáil fhisiciúil agus chibearshlándáil an bhonneagair chriticiúil, slándáil agus sceitheadh teicneolaíochta, spleáchais eacnamaíocha nó comhéigean, agus ráta rannpháirtíochta oibreoirí eacnamaíocha tríú tíortha in earnáil ar leith. Sin cuid thábhachtach den mhachnamh ar an athbhreithniú ar an gcreat soláthair phoiblí, agus tabharfaimid aird ar leith air.

Ceapfar na rialacha nua chun a áirithiú go mbeidh breisluach AE dár saoránaigh ann, slándáil an tsoláthair le haghaidh teicneolaíochtaí straitéiseacha, táirgí agus seirbhísí áirithe agus na dálaí cearta do chuideachtaí an Aontais chun infheistíocht a dhéanamh sa dícharbónú agus chun poist ardcháilíochta a chruthú. Tá sé thar a bheith tábhachtach go n-áiritheoidh ceannaitheoirí poiblí go gcloíonn tairgeoirí tríú tíortha lenár gcaighdeáin chomhshaoil, aeráide agus shóisialta gan beann ar an gcóras dlí is infheidhme ina dtír féin. Tá sé chomh tábhachtach céanna i gcónaí rochtain chómhalartach a éileamh dár gcuideachtaí ar na margaí soláthair phoiblí i dtríú tíortha.

Déanfaimid measúnú ar thionchar na n-uirlisí éagsúla a d'fhéadfaí a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, agus leanfaimid de na huirlisí sin a glacadh le déanaí a chur chun feidhme, chomh maith le bheith ag comhoibriú le ceannaitheoirí poiblí agus le páirtithe leasmhara d'fhonn teacht ar réitigh bhreise phraiticiúla atá éasca a chur i bhfeidhm. Is gá an t-am iomchuí a chur ar fáil le haghaidh na hiarrachta sin. Ach is féidir liom a dheimhniú go dtabharfar tús áite don obair seo ionas gur féidir linn dul chun cinn a dhéanamh chomh gasta agus is féidir gan baint den cháilíocht.

Mar chuid de na roghanna beartais a shainaithneofar sa mheasúnú tionchair, breithneoimid an é idirghabháil rialála i bhfoirm Treorach amháin nó roinnt Treoracha, nó i bhfoirm Rialacháin nó beart spriocdhírithe eile an bealach is fearr chun aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí comhcheangailte.

Ar deireadh, sa bhreis ar an iarracht reachtach, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, déanfaidh mé úsáid treorach, tacaíocht d'fhothú acmhainneachta agus seisiúin oiliúna shaincheaptha a chur chun cinn a thuilleadh do cheannaitheoirí poiblí agus d'eintitis geilleagair shóisialta araon i mBallstáit an Aontais.

Ceist ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

*15. I bhfianaise na héiginnteachta domhanda méadaithe agus an ghá mhéadaithe atá le clár oibre slándála eacnamaíche an Aontais a chomhdhlúthú agus ár n-iomaíochas a neartú, conas a áiritheoidh tú go mbeidh beartais slándála eacnamaíche, trádála, infheistíochta agus thionsclaíocha mar chuid de chur chuige comhtháite lena gcothófar uathriail straitéiseach oscailte agus athléimneacht an Aontais? Conas a dhéanfaidh tú an clár oibre maidir leis an tslándáil eacnamaíoch a dhearadh agus a chur chun feidhme agus cén tréimhse ama a bheidh i gceist leis? Ag tógáil ar na malartuithe a bhí ann roimhe seo idir an Pharlaimint agus an Coimisiún maidir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1441, an ndearbhóidh tú, nuair a thíolacfar an chéad tuarascáil ar chur chun feidhme an Rialacháin maidir le Fóirdheontais Eachtracha (FSR) faoin 13 Iúil 2026, go dtíolacfar togra reachtach chun FSR a leasú freisin? Mar gheall ar an ualach cásanna i bhfad níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis a bhaineann le tairiscintí fógartha i nósanna imeachta soláthair phoiblí, an gcinnteoidh tú méadú suntasach ar líon na mball foirne atá freagrach as cur chun feidhme FSR laistigh den Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna?*

Creidim go láidir go bhfuil gá le cur chuige comhtháite ina mbaintear úsáid as ár slándáil eacnamaíoch agus as ár mbeartais trádála, infheistíochta agus thionsclaíocha chun leasanna straitéiseacha an Aontais a shaothrú. Ní mór dúinn an spás agus an timpeallacht fhabhrach a thabhairt dár gcuideachtaí a bhfuil siad de dhíth orthu chun nuáil agus méadú a dhéanamh, an Margadh Aonair a chosaint ar iomaíocht éagórach, rochtain chothrom ar amhábhair a áirithiú, margaí tríú tíortha a oscailt chun deiseanna nua a chruthú, chomh maith leis na hionchuir a theastaíonn uainn a fháil ó fhoinsí éagsúla ar chostais iomaíocha. Is amhlaidh atá gá le cur chuige iomlánaíoch le slabhra soláthair slán, dálaí cothroma iomaíochta agus deiseanna eacnamaíocha ar fud an domhain chun go mbeidh ár dtionscal Eorpach iomaíoch.

Glacadh go leor tionscnamh sa sainordú roimhe seo chun ár ngnólachtaí agus ár mbonneagair a chosaint agus chun tacú leo díreach tar éis suaití seachtracha, chun na dálaí struchtúracha a chruthú dá n-iomaíochas agus d'athléimneacht ár slabhraí soláthair, agus chun ár mbeartas a ailíniú lenár luachanna agus lenár gcuspóirí aeráide. Ba iad na ceisteanna sin ba bhonn agus ba thaca lenár straitéis thionsclaíoch, lenár straitéis trádála agus lenár straitéis slándála eacnamaíche, rudaí atá fite fuaite le chéile agus nach mór a chur chun feidhme ar bhealach comhleanúnach. Táim i bhfabhar níos mó teanntáis a bheith ann maidir leis an Margadh Aonair a chosaint ar chleachtais trádála éagóracha, ar bheartais neamh-mhargaidh a shaobhadh agus ar sceitheadh teicneolaíochta.

Ar an gcéad dul síos, áiritheofar comhleanúnachas agus comhordú idir na snáitheanna oibre sin ar leibhéal an Choláiste, go háirithe leis an gCoimisinéir um an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch, i bhfianaise na gcuspóirí soiléire atá leagtha síos againn – an t-iomaíochas, an tslándáil agus an inbhuanaitheacht. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, oibreoidh mé le mo chontrapháirtithe chun a áirithiú go ndéanfar gnéithe inmheánacha agus seachtracha araon a mheas agus a chur san áireamh go hiomlán agus ár mbeartais thionsclaíocha, trádála agus slándála eacnamaíche á bhforbairt a thuilleadh. Is mar a chéile iad. Ní mór dúinn a áirithiú go leanfaimid de thairbhe a bhaint as trádáil oscailte idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha, agus ag an am céanna teorainn a chur leis an mbaol go ndéanfar arm de spleáchais iomarcacha. Tá uirlisí cumhachtacha ar fáil dúinn ina leith sin, uirlisí ba cheart dúinn a úsáid, amhail an ionstraim um fhóirdheontas eachtrach.

Dhá bhliain tar éis ghlacadh na Straitéise, ní mór ár mbeartas slándála eacnamaíche a chur chun feidhme agus a fhorbairt a thuilleadh ar bhonn uilechoiteann, chun a áirithiú go mbainfear leas as na beartais ábhartha uile maidir leis an tionsclaíocht, an digitiú, an taighde agus an nuálaíocht, agus beartais eile nach iad, ar bhealach comhleanúnach lena dtreisítear a chéile. Ní mór an Straitéis, atá dírithe ar 'chur chun cinn, cosaint agus comhpháirtíocht', a chur chun feidhme go héifeachtúil anois ar bhonn measúnuithe riosca.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoimid leis an gCoimisinéir um an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch chun cur lenár dtuiscint ar na rioscaí atá romhainn trí mheasúnuithe riosca comhordaithe, trí bhearta maolaithe riosca spriocdhírithe comhréireacha a ullmhú, trínár n-uirlisí slándála eacnamaíche a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí atá romhainn, agus trí phróisis leanúnacha a chur i gcrích go rathúil chun ár n-uirlisí a neartú, e.g. maidir le scagadh infheistíochtaí díreacha coigríche agus infheistíochtaí amach. Déanfaimid a mheas an bhfuil gá le huirlisí nua. Cabhróimid freisin chun na tionscnaimh ar cuireadh tús leo i dtréimhse an tsainordaithe roimhe seo a chur chun cinn, amhail an bhéim a neartú ar fhaireachán a dhéanamh ar rioscaí sa slabhra soláthair, suaitheadh a thuar, agus díriú ar spleáchais straitéiseacha atá ann cheana agus a d'fhéadfadh a bheith ann. Ba cheart féilire agus raon feidhme iomchuí a bhunú in éineacht leis na Ballstáit chun tuilleadh measúnuithe riosca a dhéanamh ar theicneolaíochtaí criticiúla. Ar deireadh, oibreoidh mé leis an gCoimisinéir um an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch chun leanúint de bheith i gcomhpháirtíocht le tíortha atá ar aon intinn, go háirithe G7, chun athléimneacht ár slabhraí soláthair a neartú trí chaighdeáin slándála eacnamaíche a fhorbairt. Chomh maith le

Comhaontuithe Saorthrádála, forbróimid Comhpháirtíochtaí um Thrádáil agus Infheistíocht Ghlan a mbeidh gné láidir ghnó ag baint leo le haghaidh deiseanna infheistíochta chun soláthar amhábhar criticiúil, fuinnimh ghlais agus teicneolaíochta glaine a chinntiú agus a éagsúlú.

A mhéid a bhaineann leis an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, tá a éifeachtacht léirithe aige cheana féin agus bainfimid leas iomlán as. Ag an am céanna, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, déanfaidh mé measúnú críochnúil ar chur chun feidhme an Rialacháin maidir le Fóirdheontais Eachtracha. Agus athbhreithniú á dhéanamh againn ar an gcleachtas maidir leis an Rialachán a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, breathnóimid, i measc saincheisteanna eile, ar oiriúnacht leibhéal na dtairseach fógartha. Cuirfear an tuarascáil ar an measúnú sin faoi bhráid na Parlaiminte agus na Comhairle. Bunaithe ar an measúnú sin, déanfaidh an Coimisiún a mhachnamh ar thogra reachtach féideartha má tá gá leis chun cothroime iomaíochta a áirithiú do gach cuideachta ar an margadh inmheánach.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i gcomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch chun ár n-uaillmhianta a bhaint amach maidir le cothroime iomaíochta do gach cuideachta a fheidhmíonn sa Mhargadh Aonair.

Ceist ón gCoiste um Buiséid

*16. Ina treoirlínte polaitiúla, iarrann an tUachtarán toghaí go mbunófaí Ciste Iomaíochais de chuid an Aontais lena ndéanfar infheistiú i dteicneolaíochtaí straitéiseacha (ón intleacht shaorga go dtí an spás, an teicneolaíocht ghlan agus an bhith-theicneolaíocht) agus i dTionscadail Thábhachtacha Leasa Choitinn (IPCEInna) agus lena ndéanfar infheistíocht phríobháideach a ghiaráil agus a dhí-rioscú inár gcomhspriocanna.*
*Cuimseoidh raon feidhme ciste den sórt sin réimse leathan tosaíochtaí beartais atá ann cheana.*
*An féidir leat insint dúinn faoin réasúnaíocht is bonn leis an gcur chuige sin agus tuilleadh sonraí a thabhairt faoin bhfís atá agat maidir lena chur chun feidhme agus faoin gcaoi a spreagfaidh sé an dá aistriú, go háirithe mionsonraí a thabhairt faoi na beartais agus na cláir atá ann cheana a d'oirfeadh do chiste den sórt sin, méid an chomhchuibhithe a dhéanfar ar na cláir sin, an chothromaíocht idir tacaíocht inaisíoctha agus tacaíocht neamh-inaisíoctha a chuirfidh an ciste ar fáil agus na coimircí a chuirfear i bhfeidhm chun a áirithiú go mbeidh an Pharlaimint rannpháirteach ar comhchéim leis an gComhairle sa phróiseas cinnteoireachta, i gcur chun feidhme an chláir agus san fhaireachán ar chur chun feidhme an chiste?*

Bhí cáil riamh ar an Eoraip mar gheall ar a cumhacht nuálaíochta agus mar gheall ar a tionscal rathúil a n-éiríonn go han-mhaith leis i margaí domhanda. Ach tá an neart sin á thástáil. Sa lá atá inniu ann is i ndomhan corrach a fheidhmíonn na cuideachtaí Eorpacha, ina bhfuil níos mó iomaíocht éagórach, praghsanna fuinnimh níos airde, ganntanas scileanna agus lucht saothair, agus deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar an gcaipiteal atá de dhíth orthu. Is tráth cinniúnach atá ann do thionscal agus pobail taighde na hEorpa. Is iad ár gceannaireacht theicneolaíoch agus ár gcumas freagairt do dhúshláin thionsclaíocha, dlús a chur leis an aistriú, agus deiseanna nua a thapú go gníomhach na rudaí atá idir chamáin.

Ina fhianaise sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, is é is aidhm dom na coinníollacha cumasúcháin a chruthú le haghaidh na n-infheistíochtaí is gá chun borradh a chur faoin acmhainneacht nuálaíochta, agus chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach go rathúil. Mar a leagadh amach sna treoirlínte polaitiúla ón Uachtarán toghaí von der Leyen, agus i gcomhréir leis an uaillmhian atá againn a bheith inár gCoimisiún infheistíochta, is é an Ciste Eorpach um Iomaíochas ár n-acmhainneacht infheistíochta le haghaidh teicneolaíochtaí straitéiseacha, agus é ag oibriú i sineirgíocht le huirlisí agus beartais eile.

Beidh iomaíochas na hEorpa, agus a seasamh sa rás i dtreo bithgheilleagar glan digiteach, ag brath ar thús a chur le ré nua nuálaíochta agus seiftiúlachta. Chuige sin, ní mór an taighde agus nuálaíocht, an eolaíocht agus an teicneolaíocht a chur i gcroílár ár ngeilleagair. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ní mór ár n-uirlisí a bheith oiriúnach dá bhfeidhm.

Sa lá atá inniu ann tá caiteachas an Aontais, lena n-áirítear le haghaidh an iomaíochais, spréite ar fud an iomarca clár. I gcás cuid de na cláir sin, cistítear na nithe céanna leo ach bíonn ceanglais éagsúla i gceist, agus bíonn deacrachtaí ann an cistiú a chomhcheangal go héifeachtach.

Creidim go láidir gur gá caiteachas an Aontais a dhíriú ar bhealach níos fearr ar ár dtosaíochtaí. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh forbairt an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas a bheidh ann amach anseo ar cheann de na príomhthosaíochtaí a bheidh agam, agus mé ag obair go dlúth le Comhaltaí eile an Choláiste, go háirithe an

Coimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí agus an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch. Tá dearadh an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas a bheidh ann amach anseo fós le déanamh. Is faoi threoir na bpríomhphrionsabal seo a bheimid:

1. Fócas straitéiseach. Leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas, infheisteofar in earraí poiblí Eorpacha. Beidh tábhacht mhór le teicneolaíochtaí straitéiseacha – idir an intleacht shaorga agus earnáil an spáis, idir an teicneolaíocht ghlan agus an bhith-theicneolaíocht – chun a áirithiú go ndéanfar iad a fhorbairt agus a mhonarú san Eoraip. Is san Eoraip nach mór todhchaí thionscal na teicneolaíochta glaine ceannródaíche a dhéanamh. Leis an gCiste um Iomaíochas, ba cheart tacú le taighde, nuálaíocht, gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú, agus le Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne chomh maith. Ní mór ár mbeartas taighde agus nuálaíochta a ailíniú lenár mbeartas tionsclaíoch. Agus ní mór dúinn infheistíocht straitéiseach a dhéanamh chun an leas is mó is féidir a bhaint as ár dtionchar.

2. Solúbthacht. Leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas, déanfar infheistíocht sna háiteanna is mó a bhfuil gá le gníomhaíocht ón Aontas agus leis an mbosca uirlisí is mó tionchar agus is solúbtha. Thairis sin, ba cheart a áirithiú leis an gciste go mbainfimid leas as cumhacht ár mbuiséid chun an infheistíocht phríobháideach inár spriocanna coiteanna a ghiaráil agus a dhí-rioscú.

3. Simplíocht agus tapúlacht. Ba cheart é a bheith éasca agus tapa d’iarratasóirí a d’fhéadfadh a bheith ann tairbhe a bhaint as cistí an Aontais. Ní mór simpliú ollmhór a dhéanamh ar na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le rochtain ar chistí an Aontais. Níos lú clár atá ag teastáil uainn. Tá rochtain ar fhaisnéis, próisis níos tapúla, agus feabhsuithe leanúnacha lena gcuirtear le haiseolas na bpáirtithe leasmhara ríthábhachtach chun tacaíocht níos fearr a thabhairt dár bpobal tionsclaíoch agus dár bpobal taighde ar an leibhéal oibríochtúil.

Ní mór dúinn nuálaíocht na hEorpa a aistriú go margaí agus an t-uas-scálú san Eoraip a éascú. Is é an Ciste um Iomaíochas an uirlis a úsáidfimid chun an méid sin a bhaint amach. Ba cheart é a bheith ag gabháil le gnólachtaí Eorpacha feadh an aistir infheistíochta ar fad: ó smaoineamh go tráchtálú, ó thaighde go táirgeadh, ón tsaotharlann go dtí an déantúsaíocht. Ionas go mbeidh an tacaíocht is gá ag ár gcuideachtaí chun fás agus rath a bheith orthu sa Mhargadh Aonair agus ar fud an domhain.

Beidh an Ciste ina chuid dár gcistiú do gheopholaitíocht an lae inniu freisin, trínár slabhraí luacha a neartú agus trí dhul i ngleic lenár spleáchais.

Forbróidh an Coimisiún Uirlis nua um Chomhordú Iomaíochais a oibreofar i gcomhar leis an gCiste nua sin. Leis an uirlis sin, ba cheart cuspóirí iomaíochais uile-Aontais a aistriú ina mbeartais náisiúnta chomhordaithe, rud lena n-áiritheofar maoiniú poiblí agus príobháideach do gach tosaíocht straitéiseach.

Mar iar-Chomhalta, is eol dom go dtacaíonn Parlaimint na hEorpa go láidir le buiséad uaillmhianach don Aontas chun freastal ar ár dtosaíochtaí beartais. Dá bhrí sin, rachaidh mé i dteagmháil leis an bParlaimint chun an Ciste Eorpach um Iomaíochas a fhorbairt agus a sholáthar, de mheon oscailteachta, trédhearcachta, iontaoibh fhrithpháirteach agus idirphlé leanúnach, agus déanfar malartú rialta faisnéise. Is féidir libh a bheith cinnte de mo thiomantas rannpháirtíocht na Parlaiminte a áirithiú ar comhchéim leis an gComhairle, mar chomhreachtóirí agus mar údarás buiséadach.

Ceist ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

*17. Mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch, beidh tú i gceannas ar an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Soláthar Poiblí. Is féidir ról lárnach a bheith ag an Treoir sin maidir le hardchaighdeáin saothair a chur chun cinn. Tá na comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais an-soiléir faoin ngá atá le cosaint bhreise a thabhairt d’oibrithe Eorpacha tríd an Treoir sin.*
*Conas a áiritheoidh tú go neartófar gnéithe sóisialta reachtaíocht soláthair phoiblí an Aontais, go háirithe maidir le critéir dhámhachtana shóisialta i gconarthaí poiblí, i bhfianaise an mhéid seo a leanas: slabhraí fochonraitheoireachta a theorannú agus ról na n-idirghabhálaithe saothair a rialáil; urraim do chearta oibrithe agus cur i bhfeidhm comhaontuithe comhchoiteanna a áirithiú; deiseanna fostaíochta a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas agus d’oibrithe a bhfuil riachtanais tacaíochta acu; a áirithiú nach ndéanfar soláthraithe seirbhísí sóisialta an gheilleagair sheachbhrabúsaigh/shóisialta a eisiamh ó chonarthaí poiblí?*

Mar Eorpach, táim bródúil as ár n-ardchaighdeáin saothair agus táim tiomanta iad a neartú. Tá na caighdeáin sin ríthábhachtach chun iomaíocht fhónta a chur chun cinn agus chun sodar go grinneall a sheachaint i gcáilíocht na bpost a chruthaímid. Creidim go láidir go bhfuil ról tábhachtach ag soláthar poiblí an Aontais maidir leis na caighdeáin sin a chur chun cinn.

Sa lá atá inniu ann, sainordaítear cheana féin i dTreoracha 2014 maidir le Soláthar Poiblí nach mór oibleagáidí sóisialta agus oibleagáidí maidir le dlí an tsaothair a chomhlíonadh i bhfeidhmiú conarthaí poiblí, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar chomhaontuithe comhchoiteanna. Leis na Treoracha, cuirtear uirlisí nós imeachta ar fáil freisin do cheannaitheoirí poiblí chun é sin a áirithiú le linn an phróisis soláthair ar fad. Thairis sin, leis na rialacha cuirtear ar a gcumas do cheannaitheoirí poiblí deiseanna a chruthú d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus d'fhiontair shóisialta, agus ar a gcumas d'fhostóirí oibrithe faoi mhíbhuntáiste nó daoine faoi mhíchumas a imeascadh ina bhfoireann.

Is féidir tuilleadh a dhéanamh, mar sin féin. Is deis luachmhar é an t-athbhreithniú ar na Treoracha maidir le Soláthar Poiblí, mar a mhínítear sa fhreagra ar cheist 14, chun grinnmheastóireacht a dhéanamh ar an gcreat reachtach, rud a chuirfidh ar ár gcumas céimeanna breise a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint chun úsáid clásal sóisialta a chur chun cinn agus freagracht shóisialta agus inbhuanaitheacht sa soláthar a fheabhsú. Tá ról tábhachtach ag na húdaráis áitiúla sa phróiseas sin, arb iad na príomhúsáideoirí soláthair phoiblí iad, agus na saineolaithe is fearr maidir le fostaíocht áitiúil agus comhpháirtithe sóisialta ag an am céanna. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, áiritheoidh mé go mbeidh siad rannpháirteach go cuí sa phróiseas chun a n-ionchur san athbhreithniú a chur san áireamh.

Ina theannta sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, déanfaidh mé úsáid treorach, tacaíocht d'fhothú acmhainneachta agus seisiúin oiliúna shaincheaptha a chur chun cinn a thuilleadh do cheannaitheoirí poiblí agus d'eintitis geilleagair shóisialta araon sna Ballstáit. Tacaím le hiarrachtaí leanúnacha an Choimisiúin féachaint ar an úsáid a bhaineann sé féin as clásail shóisialta.

Thairis sin, creidim go láidir go mbeidh tionchar sóisialta dearfach ag cuspóirí eile amhail simpliú agus athléimneacht: leis an athléimneacht, tacófar le poist Eorpacha agus leis an simpliú, cuirfear feabhas ar rochtain do FBManna agus d'fhiontair an gheilleagair shóisialta, rud a mbeidh tionchar aige ar phoist áitiúla. Go deimhin, is minic a chuireann castacht ár rialacha bac ar rannpháirtíocht eintiteas beag sa soláthar poiblí. Trí shimpliú agus trí fhothú acmhainneachta, is mian liom go mbeidh na heintitis sin in ann leas a bhaint as an acmhainneacht is féidir leis an soláthar poiblí a chur ar fáil dóibh.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, agus an t-athbhreithniú á ullmhú oibreoidh mé go dlúth leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht chun machnamh a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfaí na rialacha a fheabhsú, an t-idirphlé sóisialta agus ardchaighdeáin saothair a chur chun cinn, deiseanna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas a fheabhsú agus rannchuidiú leis an ngeilleagar sóisialta agus le sochaí níos cuimsithí.

Beidh gá le dlúth-chomhordú, mar creidim nach féidir na héifeachtaí inmhianaithe a bhaint den athbhreithniú ar na Treoracha maidir le Soláthar Poiblí mura bhfuil na gníomhaíochtaí ábhartha sa Treochlár um Poist ar Ardchaighdeán atá ar na bacáin, agus sa Chomhshocrú nua maidir le hIdirphlé Sóisialta Eorpach, ag gabháil leis an athbhreithniú.

Ceist ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

**18. Maoin intleachtúil gan chóipcheart**

*Sa litir mhisin uait, tá sé ar cheann de do réimsí gníomhaíochta a áirithiú 'go leanfaidh ár mbeartas maoine intleachtúla de luach saothair a thabhairt don nuálaíocht agus don chruthaitheacht agus de dhlús a chur le forfheidhmiú na rialacha reatha'.*
*Bhí sé d'aidhm ag Plean Gníomhaíochta 2020 an Choimisiúin um Maoin Intleachtúil a chur ar chumas thionscal cruthaitheach agus nuálach na hEorpa leanúint de bheith ina cheannaire domhanda agus dlús a chur le haistriú glas agus le haistriú digiteach na hEorpa. Ba é an toradh a bhí ar an bPlean Gníomhaíochta um Maoin Intleachtúil sin go háirithe gur neartaíodh cosaint maoine intleachtúla nuair a glacadh an Rialachán maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha agus nuair a rinneadh athbhreithniú ar an reachtaíocht maidir le dearadh, atá 20 bliain d'aois, agus a fhágann go bhfuil sí oiriúnach don ré dhigiteach.*

*Is é is aidhm do Phacáiste na bPaitinní - inar ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh agus a dhéanfar a chaibidliú le linn an téarma seo - rialacha nua a mholadh chun cabhrú le cuideachtaí, go háirithe FBManna, an leas is fearr is féidir a bhaint as a n-aireagáin agus a gcruthúcháin agus tacú le hiomaíochas agus ceannasacht theicneolaíoch an Aontais go háirithe chun a áirithiú gur féidir táirgí príomhphaitinnithe a chur ar fáil tráth géarchéime. I measc chomhaid an phacáiste paitinní, is cosúil go mbíonn deacrachtaí ar leith sa Chomhairle (comhad na BPCanna), in ainneoin treochtaí le déanaí a thugann le fios go bhfuil sciartha den mhargadh á gcailleadh ag an Aontas i gcomparáid le gníomhaithe eacnamaíocha na hÁise agus na Stát Aontaithe. Mar thoradh ar an bPlean Gníomhaíochta um Maoin Intleachtúil, glacadh Bosca Uirlisí an Aontais i gcoinne an ghóchumtha freisin, arb é is aidhm dó 'comhoibriú a chothú idir sealbhóirí ceart, soláthraithe seirbhíse, agus forfheidhmiú an dlí, agus dea-chleachtais agus úsáid uirlisí agus teicneolaíochtaí nua-aimseartha á spreagadh ag an am céanna'. Tá maoin intleachtúil ina príomhspreagadh don fhás eacnamaíoch toisc go bhfuil ról méadaitheach ag sócmhainní doláimhsithe sa rás nuálaíochta domhanda. Mar sin féin, mar a cuireadh i bhfios go láidir i dTuarascáil Draghi, is cosúil go mbraitheann cuideachtaí an Aontais, go háirithe FBManna, go bhfuil siad díspreagtha a sócmhainní maoine intleachtúla a chosaint go háirithe mar gheall ar na nósanna imeachta casta, costasacha agus fada is gá agus iarratais ar CMI á gcomhdú acu. Chuirfeadh an staid sin cosc ar chuideachtaí dul san iomaíocht ar fud an domhain agus an Margadh Aonair a ghiaráil. Thairis sin, d'fhéadfadh éabhlóid theicneolaíochtaí na hIntleachta Saorga nó úsáid mhí-eiticiúil roinnt teicneolaíochtaí, amhail patrúin dhorcha a úsáid, dúshláin nua a chruthú do chreat MI nach dtugtar aghaidh orthu fós agus a bhféadfadh éifeachtaí a bheith acu ar an nuálaíocht, ar an gcruthaitheacht agus ar iomaíochas an Aontais, ag smaoineamh go háirithe ar IS Ghiniúnach agus ar a caidrimh le paitinní, ach freisin ar thrádmharcanna, rúin cheirde agus ar cheist fhorfheidhmiú MI. Ina theannta sin, déanann an Coimisiún athbhreithniú tréimhsiúil faoi láthair ar reachtaíocht an Aontais maidir le trádmharcanna. Maidir le rúin trádála, go háirithe do FBManna, tá gá le hiarrachtaí breise chun feasacht a chur chun cinn agus chun goid rún trádála a chomhrac i gcomhthéacs na nuálaíochta teicneolaíche domhanda.*
*Agus na dúshláin sin á gcur san áireamh, cad iad na bearta a ghlacfá chun a áirithiú go ndéanfar na rialacha maoine intleachtúla uile atá ann faoi láthair a fhorfheidhmiú i gceart agus an gcuirfidh tú tionscnaimh nua chun cinn, mar shampla i réimse na rún trádála nó na dtrádmharcanna, chun a áirithiú go mbeidh creat an Aontais fós oiriúnach dá fheidhm chun luach saothair a thabhairt don nuálaíocht agus don chruthaitheacht sa ré dhigiteach agus chun tacú le fás agus iomaíochas fadtéarmach an Aontais, agus dlús á chur agat leis na hiarrachtaí chun caibidlíocht a éascú maidir le tograí a tugadh ar aghaidh ón téarma roimhe seo?*

Cuid shuntasach de shócmhainní corparáideacha is ea iad na sócmhainní doláimhsithe, agus tá siad ar na dreasachtaí is láidre chun infheistíocht a dhéanamh i gcuideachta. Mar shampla, tá gnólachtaí nuathionscanta a úsáideann paitinní agus trádmharcanna 10 n-uaire níos dóchúla cistiú caipitil fiontair a fháil. Dá bhrí sin, gné riachtanach den iomaíochas is ea Maoin Intleachtúil.

Mar sin féin, tá leabhar rialacha paitinne an Aontais fós ilroinnte. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, is é an chéad fhócas a bheidh agam aghaidh a thabhairt ar an ilroinnt sin trí ghlacadh níos leithne Chóras na bPaitinní Aonadacha a chur chun cinn, thar na 18 mBallstát a bhfuil sé glactha acu cheana féin, chun costais a laghdú, deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú agus tairbhe a bhaint as dlínse aonfhoirmeach Chúirt Aontaithe na bPaitinní, ag brath ar Oifig Eorpach na bPaitinní leanúint dá cúram paitinní aonadacha a eisiúint.

Ar an gcaoi sin, déanfaidh mé mo dhícheall Pacáiste na bPaitinní a bhaint amach agus mé ag cur le tacaíocht Pharlaimint na hEorpa do gach ceann dá trí cholún, agus bhronnfaí freagrachtaí nua ar Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais le dhá cheann acu sin. Tá sé de rún agam oibriú go dlúth leis na Ballstáit chun na hathchóirithe sin a thabhairt chun críche, lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin is práinní atá roimh *acquis* paitinne an Aontais agus darb aidhm cur leis an gcóras aonadach paitinní agus é a threisiú.

Is é is aidhm do na tograí le haghaidh Rialacháin maidir le Deimhnithe Forlíontacha Cosanta an t-ualach riaracháin a laghdú agus comhleanúnachas a ráthú don tionscal cógaisíochta agus don tionscal agraicheimiceach, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus Córas na bPaitinní Aonadacha a dhaingniú. Leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le Ceadúnú Éigeantach, rud a bhfuil an chéim thríthaobhach nach mór bainte amach aige, tabharfar aghaidh ar an ngá atá ag an Aontas le huirlisí éifeachtacha maoine intleachtúla chun freagairt ar ghéarchéimeanna a mbíonn tionchar acu ar shlabhraí luacha ar fud an Mhargaidh Aonair. Le creat iontaofa trédhearcach le haghaidh ceadúnú maidir le Bunphaitinní Caighdeáin, áiritheofar gur ceann scríbe infheistíochta níos tarraingtí é an tAontas do cheadúnóirí agus do cheadúnaithe. Óna thaobh sin de, cuirfidh mé go gníomhach le hobair na gcomhreachtóirí, agus réiteoidh mé easaontais cheadúnúcháin sna margaí atá ríthábhachtach d'iomaíochas an Aontais, go háirithe i bhfianaise thús Idirlíon na Rudaí Nithiúla agus an athraithe ar chothromaíocht dhomhanda úinéireacht na mBunphaitinní Caighdeáin. Ar deireadh, le Treoir an Aontais maidir leis an mBith-theicneolaíocht, rud a cuireadh ar bun breis agus scór bliain ó shin, leagadh síos na croíphrionsabail

chun aireagáin bhith-theicneolaíochta a phaitinniú. De réir mar a thagann forbairtí nua chun cinn sa mhargadh bith-theicneolaíochta, ní mór dúinn a áirithiú go gcuirfear le cothú earnáil bhith-theicneolaíochta an Aontais ar an mbealach is fearr trí mhaoin intleachtúil a chosaint, agus ní mór a áirithiú go meastar í a bheith ar cheann de na gnéithe agus Gníomh an Aontais um an mBith-theicneolaíocht a bheidh ann amach anseo á ullmhú.

Ar an dara dul síos, má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh mé tiomanta an creat maoine intleachtúla a nuachóiriú a thuilleadh chun é a chur in oiriúint do réaltachtaí margaidh atá ag teacht chun cinn, amhail an intleacht shaorga (IS), agus na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo, agus tosaíocht á tabhairt ag an am céanna do rathúnas ár saoránach agus do spriocanna tionsclaíocha an Aontais. Rinneadh nuachóiriú le déanaí ar *acquis* an dlí maidir le trádmharcanna agus dearadh d'fhonn iad a chur in oiriúint don ré dhigiteach, agus an t-ualach riaracháin á laghdú ag an am céanna, agus tá na rialacha nua maidir le tásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha tar éis leas a bhaint as an luach tearcshaothraithe atá cruthaithe ag ár gceardaithe. Tríd an saineolas traidisiúnta a luachshocrú, bainfimid úsáid as an maoin intleachtúil chun aitheantas a thabhairt dá gcuid oibre saoil agus chun poist ar phá maith a chosaint, lena n-áirítear i réigiúin nach bhfuil chomh tionsclaithe sin. Cé gur féidir leis an IS dúshláin a chruthú do chroíchoincheapa an dlí maoine intleachtúla, amhail aireagóireacht, inphaitinneacht, údarthacht agus dáileadh cíosa eacnamaíoch, creidim gur cheart dúinn cothromaíocht a bhaint amach idir nuálaíocht a chur chun cinn agus a éascú, agus cosaint sealbhóirí ceart á háirithiú ag an am céanna. Ag féachaint chun cinn, beidh orainn a áirithiú gur féidir an intleacht shaorga agus réitigh atá bunaithe ar an intleacht shaorga a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm le córas maoine intleachtúla an Aontais, agus a áirithiú ag an am céanna go mbeidh coimircí iomchuí ann chun a mí-úsáid a chosc. Tá sé sin fíor go háirithe i gcás paitinní agus cosaint rún ceirde i ré na mórshonraí tionsclaíocha.

Ar an tríú dul síos, ní féidir le dlí maoine intleachtúla infheistíocht agus iomaíochas breosla a spreagadh mura gcuirtear chun feidhme go héifeachtach é. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé chun a áirithiú go bhfaighidh cruthaitheoirí agus aireagóirí laistigh den Aontas torthaí cothroma ar a gcuid cruthúchán agus a gcuid nuálaíochta, agus go gcosnófar sócmhainní doláimhsithe FBManna agus go n-éascófar a rochtain ar mhaoiniú. Ní mór dúinn laghdú a dhéanamh ar an ualach atá ar FBManna a gcearta maoine intleachtúla a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú, ós rud é gur féidir le maoin intleachtúil giaráil shuntasach a dhéanamh ar a gcumas leachtacht a fháil agus a gcuid nuálaíochta a thabhairt chuig an margadh. Is dóichí go dteipfidh ar FBManna ná ar chuideachtaí móra mar gheall ar sháruithe maidir le maoin intleachtúil, agus dá bhrí sin féachfaidh mé an bhféadfaí sásra tacaíochta láidir saincheaptha do FBManna i leith maoine intleachtúla a thairiscint, cuir i gcás ón gCiste FBM. In 2019, táirgí góchumtha ba chionsiocair le beagnach 6% d'iompórtálacha uile an Aontais (luach €119 mbilliún), rud a d'fhág gur cailleadh 670,000 post agus ioncam cánach €15 bhilliún. Sin é an fáth gur gné lárnach don Choimisiún é an forfheidhmiú. Chuige sin, féachfaidh mé leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le Frith-Ghóchumadh a chur chun feidhme, lena n-áirítear bearta agus uirlisí chun góchumadh a chomhrac agus forfheidhmiú na gceart maoine intleachtúla a fheabhsú. Ceann de na huirlisí sin is ea an Fhoireann Uirlisí um Chosc na Cibear-ghadaíochta, a foilsíodh le déanaí, chun FBManna a ullmhú ar bhealach níos fearr do na dúshláin a bhaineann le gadaíocht rún trádála ar líne agus chun iarmhairtí diúltacha cibirionsaithe a mhaolú.

Ar deireadh, tá gá le straitéis chomhtháite idirnáisiúnta um maoin intleachtúil chun sócmhainní doláimhsithe a chosaint agus a ghiaráil. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé de rún agam leasanna an Aontais a chosaint go réamhghníomhach i bhfóraim idirnáisiúnta um maoin intleachtúil, amhail an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil.